

## 4

### Ag Tógáil Ollscoil Dlúth-Thaighde den Chéad Scoth

Tá UCD tiomanta de bheith ina ollscoil dlúth-thaighde cheannasach Eorpach a spreagann nuálaíocht agus fionnachtain chruthaitheach laistigh dá pobal de thaighdeoirí den scoth.

Leanann UCD ar aghaidh ag tógáil ar an gcáil atá air mar rogha ionaid do thaighdeoirí ceannasacha, ag soláthar timpeallachta inar féidir leo nuáil agus barr feabhais a bhaint amach. Tá UCD ag cruthú comhpháirtíochtaí oideachais agus taighde agus comhoibríthe spreagúla freisin le heagraíochtaí acadúla, pobail, gnó agus gairmiúla, ag cur leis an muintín i UCD mar sprioc don infheistíocht ardchaighdeáin agus ag déanamh ceannaire náisiúnta de maidir le maoiniúchán taighde.

Léiríonn buaiteoir iomlán Chomórtas Images of Research 2008 - dar teideal 'Ray-zor Sharp Vision' - súil roic mín agus a sheall le cruth casta. Ciallaíonn an t-oiriúnú seo go bhfuil súil an roic an-íogair do ghluaiseachtaí laistigh de réimse mór amhairc. Ba mhac léinn PhD UCD, Edward Farrell, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD a thóg an ghrianghraf



#### Maoiniú Taighde

Scéim Mhaoinithe Síil UCD  
Scéim Chomhaltachta Taighde Uachtarán UCD  
Dámhachtainí Straitéiseacha agus  
Mórdámhachtainí UCD

#### Dámhachtainí agus Gradaim Thaighde

#### Gnóthachtálacha Straitéiseacha

#### Nuacht agus Gnóthachtáil Taighde

#### Institiúidí Taighde UCD

Institiúid Conway UCD um Taighde  
Bithmhóilíneach agus Bithleighis  
Institiúid Geary UCD  
Institiúid Uirbeach na hÉireann UCD  
Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD  
Saotharlann Chórais Choimpléascacha agus  
Oiriúnaitheach (CASL) UCD  
Institiúid Bia agus Sláinte UCD  
Institiúid John Hume don Léann Éireannach  
Domhanda UCD  
Institiúid Charles  
Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD  
Institiúid na hÉireann don Léann Síneach  
Fondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh UCD  
Institiúid UCD do Chláir Chomhoibritheacha  
Spóirt agus Sláinte

#### Cláir Comhoibritheacha

Ionad do Shintéis agus Bitheolaíocht  
Cheimiceach (CSCB)  
Leigheas Móilíneach Éireann (MMI)  
Ionad Náisiúnta um Taighde Digiteach (NDRC)  
Institiúid Náisiúnta um Taighde agus Oiliúint  
Bhithphróiseála (NIBRT)  
Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil  
Neamhspleách (TRIL)  
Institiúid um Fhaisnéisíocht Bhithleighis

#### NovaUCD

#### Foilseacháin taighde

Tá sonraí gach foilseacháin taighde don tréimhse  
le fáil ar líne ag [www.ucd.ie/research/publications](http://www.ucd.ie/research/publications)

## Maoiniú Taighde

Bhí bliain an-rathúil ag UCD. Bronnadh conarthaí de níos mó ná €100 milliún den chéad uair riamh, agus bhí an luach iomlán suas 19% go €114.7 milliún (féach Táblaí 1 agus 2). Bhí an líon mór dhámhachtainí comhoibrítheacha faoi Ionaid Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (IEITanna) agus Cnuasaigh Taighde Straitéise (CTSanna) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag croílár na feidhmíochta seo. Cruthaíonn na dámhachtainí ildisciplíneacha seo comhpháirtíochtaí acadúla-tionsclaíochta i roinnt réimsí, lena n-áirítear ríomheolaíocht, fuinnimh gréine, forbairt drugaí agus nainbhitheolaíocht.

San áireamh leis an maoiniú seo de €114.7 milliún tá €3.4 milliún do thionscadail a fuair maoiniú ó PRTLÍ 4. San iomlán, bronnadh €29.8 milliún ar UCD faoi PRTLÍ 4, déanta suas de €17.5 milliún don chéad chéim den Ionad Eolaíochta agus €12.3 milliún do chlár chomhoibrítheacha náisiúnta. Ghlac UCD páirt i gcomhaontas comhpháirtíochta chomh maith le Bord Ospidéal Craicinn agus Ailse Chathair Bhaile Átha Cliath as a dtáinig €12 mhiliún de mhaoiniú seachtrach d'fhorbairt Institiúid Charles.

**Tábla 1: Dámhachtainí Taighde**

Bliain	Luach Iomlán na gConarthaí a Síniódh, Ranníocaíochtaí d'Fhorhostais san Áireamh (€ milliún)	Ranníocaíochta Iomlán d'Fhorhostais (€ milliún)	Líon iomlán na gConarthaí a Bronnadh	Líon na dTograí a Cuireadh Isteach
2003/2004	49.8	5.6	405	685
2004/2005	62.5	8.1	495	1,074
2005/2006	82.9	11.8	664	1,245
2006/2007	96.3	14.8	556	1,234
2007/2008	114.7	17.3	484	1,090

**Tábla 2: Foinsí Maoinithe**

Foinse Maoinithe	Líon na gConarthaí	Luach (€ milliún)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	150	56.3
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	28	11.2
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	25	4.7
Coimisiún na hEorpa	24	5.7
An tÚdarás um Ard-Oideachas lena n-áirítear PRTLÍ	23	4.9
An Bord Taighde Sláinte	16	6.4
Fiontraíocht Éireann	31	2.9
Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCEST)	52	7.1
Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)	22	5.2
An Comhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise (COFORD)	4	2.2
Gnó	20	2.3
Eile	89	5.8
<b>Iomlán</b>	<b>484</b>	<b>114.7</b>

## Scéimeanna Inmheánacha a Thugann Tacaíocht do Thaighde

### Scéim Mhaoinithe Síil UCD

Agus é ina cheathrú bliain anois, tá sé mar aidhm ag an Scéim Mhaoinithe Síil maoiniú a sholáthar do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairmeacha, le béim faoi leith ar thionscadail ar féidir leo bheith san iomaíocht do thacaíocht sheachtrach níos moille. Bronnadh €1.1 milliún san iomlán le linn 2007/08 don Scéim Mhaoinithe Síil, le 42% de 762 iarratas ag fáil maoinithe (féach Tábla 3).

D'oscail snáithe nua den scéim Scaipthe agus Torthaí, 'Óstáil Comhdhála', Babhta 1 2008 do gach ball foirne taighde buan ó leibhéal léachtóra go leibhéal ollaimh. Tá maoiniú ar fáil chun tacaíocht a thabhairt chun comhdháil nó fóram suntasach eile a óstáil i UCD. Forbraíodh an tsnáithe nua seo chun comhoibriú a chur chun cinn agus chun fóram a sholáthar do dhíospóireacht agus do phlé. Fuarthas iarratais ó 26 taighdeoir don snáithe nua agus tugadh maoiniú do sheacht gcinn.

**Tábla 3: Scéim Mhaoinithe Síil**

#### Babhta 2 2007

Clár	Líon na nDámhachtainí	Méid a Bronnadh €
Scaipeadh & Torthaí	58	99,917
Fiontair & Tráchtálú	4	25,000
<b>Iomlán</b>	<b>62</b>	<b>124,917</b>

#### Babhta 1 2008

Clár	Líon na nDámhachtainí	Méid a Bronnadh €
Scaipeadh & Torthaí	122	151,095
Scaipeadh & Torthaí - Óstáil Comhdhála	7	50,175
Comhoibriú	33	299,918
Inmheánach & Seachtrach	31	243,206
Dámhachtainí Trealaimh Bhig	18	192,190
Fiontair & Tráchtálú	3	25,019
<b>Total</b>	<b>214</b>	<b>961,603</b>

#### Babhta 1 (Dara Gairm) 2008

Clár	Líon na nDámhachtainí	Méid a Bronnadh €
Scaipeadh & Torthaí - Rannpháirtíocht	48	49,775
<b>Iomlán</b>	<b>48</b>	<b>49,775</b>

### Scéim Chomhaltachta Taighde Uachtarán UCD

Cuireann Scéim Chomhaltachta Taighde an Uachtaráin deis ar fáil do thaighdeoirí i UCD smaointe nua taighde a fhiosrú nó cuairt a thabhairt ar ionaid eile ar feadh tréimhse ghearr. Chuir ocht dtaighdeoir déag iarratais isteach ar an dámhachtain ardghradaim i 2008 agus tá ainmneacha na n-iarrthóirí ar éirigh leo leagtha amach i dTábla 4 thíos.

**Tábla 4: Dámhachtainí Comhaltachta Taighde an Uachtaráin**

Ainm	Aonad
An tOllamh María Baghramian	Scoil na Fealsúnachta UCD
An tOllamh Orla Feely	Scoil na hInnealtóireachta Leictirí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD
An tOllamh Declan Gilheany	Scoil na Ceimice agus na Ceimbhithteolaíochta UCD
An tOllamh Tom Inglis	Scoil na Socheolaíochta UCD
An tOllamh Attracta Ingram	Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD
An tOllamh Jonathan Malthouse	Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD
An tOllamh Aidan Moran	Scoil na Síceolaíochta UCD

## Aimsíonn eolaithe de chuid UCD cóireáil féideartha do IBD

D'aimsigh eolaithe de chuid UCD cur chuige teiripeach féideartha do Ghalar Putóige Athlastach (IBD), galar ainsealach díblithe a bhuaileann níos mó ná 15,000 duine in Éirinn agus na milliún duine ar fud an domhain. Léirigh an fhoireann gur féidir leo comharthaí an ghalair a aisiompú beagnach go hiomlán i samhail ag baint úsáide as rangú nua drugaí darb ainm coscairí hidrocscaláise, agus foilsíodh alt air san iriseán *Gastroenterology*. Mhínigh an tOllamh Cormac Taylor, as Institiúid Conway UCD, gur imríodh cleas ar an bputóg nuair a cuireadh na drugaí nua i bhfeidhm agus shíl an phutóg nach raibh go leor ocsaigine aige, rud a chuir bealaí cosanta i bhfeidhm, agus a chosc bás na gceall a líneálann an chonair ghastraistéigeach.

**Dámhachtainí Straitéiseacha agus Mórdámhachtainí UCD**

Soláthraíonn Scéim na nDámhachtainí Straitéiseacha agus na Mórdámhachtainí tacaíocht d'fhorbairt na mórchlár idirdisciplíneach a dhéanann dul chun cinn ar an straitéis taighde i UCD. Liostálann Tábla 5 na tionscnaimh straitéiseacha agus na mórthionscnaimh a faomhadh le linn 2008:

**Tábla 5: Tionscnaimh Straitéiseacha agus Mórthionscnaimh a Faomhadh**

Aonad	Iomlán	Ceannaire	Feidhm
Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD	€26,000	William Gallagher	Íomháu sna hEolaíochtaí Beatha
Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD	€50,000	Jeremy Simpson	Áit Scagtha Ard-thréchuir
Taighde UCD	€50,000	Des Fitzgerald	Institiúid Charles do Thaighde agus Oideachas Deirmeolaíochta
Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD	€25,000	Richard Tremblay	Clár Forbartha Óige
Scoil Ghnó UCD (NITM)	€50,000	Petra Arweiler	Ionad Taighde na Líonraí Nuálaíochta

**Ceimic eoirí Idirnáisiúnta Óga na Bliana IUPAC**

I mí an Mheithimh 2008, roghnaigh Aontas Idirnáisiúnta na Glan-Cheimice agus na Ceimice Feidhmí (IUPAC) an Dr Emilie Banide, céimí PhD le déanaí ón CSCB agus Scoil na Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimicí, mar dhuine dá chúigear Ceimiceoirí Idirnáisiúnta Óga na Bliana (2008), bunaithe ar chaighdeán a tráchtas PhD agus na foilseacháin a tháinig as.

Níos luaithe sa bhliain, bronnadh an Duais do Cheimiceoirí Óga (2007), urraithe ag *The Irish Times* agus roghnaithe ag coiste Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Dr Banide. Roghnaíodh a tráchtas mar an tráchtas PhD ceimice is fearr in Éirinn agus ba í iarrthóir na hÉireann ar dhuais IUPAC ansin í.



*Dr Emilie Banide, CSCB agus Scoil na Ceimice agus na Ceimbitheolaíochta UCD*

## Dámhachtainí agus Gradaim Thaighde

### Cláir Oideachais Thaighde Iarchéime

Bhain UCD amach torthaí as cuimse sna Cláir Oideachais Thaighde Iarchéime a fuair maoiniú ó Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) agus Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET), mar go raibh sé i gceannas ar cheithre cinn de na cúig chlár a bronnadh. Tugann an Clár Oideachais Thaighde Iarchéime grúpaí d'ardacadóirí le chéile atá dírithe ar théama sonrath chun cur chuige níos foirmiúla agus níos struchtúrtha a sholáthar i dtaobh oideachas taighde agus foirmiú gairme do scoláirí dochtúireachta agus máistreachta. Ba iad seo leanas na cláir a bronnadh:

- Tá an tOllamh Paul Devereux, Ollamh Eacnamaíochta agus Comhalta Taighde Geary, ina cheannaire ar an gClár Iarchéime do na hEolaíochtaí Sóisialta Cainníochta in éineacht leis an Ollamh Patrick Paul Walsh;
- Tá an tOllamh Eugene O'Brien, iar-Stiúrthóir Institiúid Uirbeach na hÉireann, i gceannas ar an gclár PhD i bhForbairt Inbhuanaithe. Tá an clár seo eagraithe i ngrúpaí idirdhisciplíneacha a chuimsíonn pleanáil, polasáí comhshaoil, innealtóireacht, fuinneamh agus éiceolaíocht;
- Tá an tOllamh Gerardine Meaney, Ollamh Theoiric Chultúrtha, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD i gceannas ar an gclár iarchéime in Inscne, Cultúr agus Stair;
- Tá an tOllamh Denis Shields, Ollamh Bhithfhaisnéisíochta Cliniciúla ó Institiúid Conway UCD, i gceannas ar an gclár PhD sa Bhithfhaisnéisíocht agus sa Bhithleigheis Ríomhaireachtúil.

Ag fógairt na ndámhachtainí maoiniúcháin GREP bhí (ó chlé): an tOllamh Eugene O'Brien, Institiúid Uirbeach na hÉireann; an tOllamh Denis Shields, Institiúid Conway UCD; an tOllamh Gerardine Meaney, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; agus an tOllamh Paul Devereux, Comhalta Taighde Geary



### Clár Bia Fheidhmigh Muirí

Fuair Tionscnaimh Taighde Bia Feidhmigh Muirí (MFFRI) maoiniú de €5.2 milliún chun cuibhreas taighde ildisciplíneach a chruthú lena mbeadh baint ag taighdeoirí ó Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD. Tá an MFFRI déanta suas de thaighdeoirí ó UCD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Uladh Cúl Raithe agus Teagasc. Ainmneoidh an cuibhreas comhábhair agus táirgí nua bia muirí agus ar an dóigh seo cothóidh sé suíomh ceannasach na hÉireann sa mhargadh domhanda de luach €50 billiún do bhianna feidhmeacha.

### Dámhachtain Tráchtálaithe don Ollamh Regan

Bronnadh Bonn Ór Acadamh Ríoga na hÉireann sna Daonnachtaí ar an Ollamh George Eogan, Ollamh emeritus Seandálaíochta Ceiltí i UCD, a bhfuil cáil air mar dhuine de phríomhsheandálaithe na hÉireann. Chuir a chlár oibre seandálaíochta i nGleann na Bóinne le 40 bliain anuas lena bunú mar pháirc náisiúnta agus lena hainmniú mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda ag UNESCO.

### Bronnadh boinn óir RIA ar ollamh de chuid UCD

Bronnadh Bonn Ór Acadamh Ríoga na hÉireann sna Daonnachtaí ar an Ollamh George Eogan, Ollamh emeritus Seandálaíochta Ceiltí i UCD, a bhfuil cáil air mar dhuine de phríomhsheandálaithe na hÉireann. Chuir a chlár oibre seandálaíochta i nGleann na Bóinne le 40 bliain anuas lena bunú mar pháirc náisiúnta agus lena hainmniú mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda ag UNESCO.



## Gnóthachtálacha Straitéiseacha

### Clár Stokes Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)

Bunaíodh Clár Ollúnachta agus Léachtóireachta Stokes an FEÉ sa bhliain 2007 chun tacaíocht a thabhairt d'earcaíocht straitéiseach príomhphearsanra taighde ag leibhéal éagsúla, ar an dóigh seo ag cur ar chumas Scoileanna agus Institiúidí baill foirne ardchaighdeán a imeascadh sna cnusaigh saineolais atá acu cheana. Chuir gairm Stokes an FEÉ 2007 maoiniú ar fáil do 32 ollúnacht san iomlán (b'fhiú €180,000 sa bhliain gach ceann) agus 35 léachtóireacht (b'fhiú €90,000 sa bhliain gach ceann) ar feadh thréimhse na dámhachtana. Bronnadh naoi n-ollúnacht agus trí léachtóireacht Stokes (féach Tábla 6) ar UCD, ar fiú €11.3 milliún san iomlán iad.

**Tábla 6: Dámhachtainí Chlár Stokes Fhondúireacht Eolaíochta Éireann**

larrthóir	Dámhachtain	Scoil/Institiúid
Emmanuel Reynaud	Léachtóireacht	Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD
Ar feitheamh	Ollúnacht	Scoil na Fisice UCD
An Dr Brian Vohnsen	Léachtóireacht	Scoil na Fisice UCD
Ar feitheamh	Léachtóireacht	Institiúid Conway UCD
Ar feitheamh	Ollúnacht	Institiúid Conway UCD
Ar feitheamh	Ollúnacht	Institiúid Conway UCD
Mathias Wilm	Ollúnacht	Institiúid Conway UCD
Andrew Phillips	Léachtóireacht	Scoil na Ceimice agus na Ceimibhitheolaíochta UCD
Gil Lee	Ollúnacht	Scoil na Ceimice agus na Ceimibhitheolaíochta UCD
Johan Ericsson	Ollúnacht	Scoil na Ceimice agus na Ceimibhitheolaíochta UCD
Ulla Knaus	Ollúnacht	Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
Neil Ferguson	Neil Ferguson	Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD
Anna Roujeinikova	Léachtóireacht	Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD
Jaoo Marques Silva	Ollúnacht	CASL UCD
Nigel Boston	Ollúnacht	CASL UCD /Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta
Mark Flanagan	Léachtóireacht	CASL UCD /Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta

### Ionad Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (CSET) CLARITY

Is tionscnamh idir UCD agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é Ionad CLARITY do Theicneolaíochtaí an Ghréasáin Braiteora ([www.clarity-centre.org](http://www.clarity-centre.org)) a fhaigheann tacaíocht ó thaighdeoirí ag Institiúid Náisiúnta Tyndall, Corcaigh. Faigheann an t-ionad maoiniú mar CSET ón FEÉ agus tá baint ag comhpháirtithe tionsclaíochta dúchasacha agus ilnáisiúnta leis. Díríonn sé ar an 'nGréasán Braiteora', a ghabhann an trasnú idir dhá réimse thábhachtacha taighde – Brath Oiriúnaitheach agus Fionnachtain Eolais. B'ionann an t-infheistiú iomlán in CLARITY agus €16.4 milliún thar cúig bliana. Beidh CLARITY ina ósta ag thart ar 90 ball foirne taighde agus tacaíochta – tá earcaíocht ghníomhach d'fhoirne taighde agus riaracháin ar siúl faoi láthair.

### Gnóthachtálacha CLARITY

- Fuair thaighdeoirí CLARITY in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus i UCD maoiniú breise de €900,000 ó Fhiontraíocht Éireann agus ón nGíomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil;
- Bronnadh an Dámhachtain don Pháipéar is Fearr ar Thaighdeoirí CLARITY (Maurice Coyle, Jill Freyne agus Barry Smyth) ag Comhdháil Idirnáisiúnta na bliana seo ar Hipirmheáin Oiriúnaitheacha agus Córais Oiriúnaitheacha Ghréasánbhunaithe (Hannover, an Ghearmáin) as ucht a n-oibre ar féin-oiriúnú an tsuímh comhroinnte físeáin móréilimh YouTube;
- Bhunaigh thaighdeoirí CLARITY (Maurice Coyle, Peter Briggs agus Barry Smyth) HeyStaks Technologies Ltd chun teicneolaíocht cuardaigh sóisialta a thráchtáil. Beidh an chuideachta lonnaithe i NovaUCD agus tá sé ar cheann de cheithre thionscnamh nua chun Ciste Nuálaíochta Gréasáin Eircom, de luach €10,000 a roinnt;

- Chuir CLARITY fáilte roimh bheirt acadóirí ar cuairt: an tOllamh Robin Burke (Ollscoil DePaul in Chicago) atá ag teacht isteach san fhoireann go ceann bliana ar Scoláireacht Fulbright;

agus an Dr Pierre-Antoine Champin (Ollscoil Claude Bernard Lyon 1, an Fhrainc) atá ag fáil maoinithe dá chuairt ó Ionad Náisiúnta Thaighde Eolaíochta na Fraince.

Sa ghrianghraf (ó chlé) tá comhbhunaitheoirí 'HeyStaks', an Dr Maurice Coyle, an tOllamh Barry Smyth agus Peter Briggs



## Cnuasaigh Taighde Straitéisigh

Soláthraíonn clár na gCnuasach Taighde Straitéisigh (CTSanna) maoiniú do chomhpháirtíochtaí acadúla-tionscail a bhfuil sé mar aidhm acu leas a bhaint as saineolas eolaithe ar fud speictream de dhisciplíní. Bronnadh 4 CTS as an 12 a bhí le maoiniú go náisiúnta ar UCD (féach Tábla 7). Cabhraíonn CTSanna eolaithe, innealtóirí agus cliniceoirí a cheangal le chéile i gcomhpháirtíochtaí ar fud shaol na hacadúlachta agus na tionsclaíochta chun comhghníomhaíochtaí taighde a dhéanamh i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo d'Éirinn, ag an am céanna an t-am agus na hacmhainní a thabhairt do na cnuasaigh sin chun tuilleadh comhpháirtíochtaí tionscail a mhealladh agus a shaothrú.

**Tábla 7A: Cnuasaigh Taighde Straitéisigh (CTSanna) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a Bronnadh ar UCD**

### Cnuasaigh Taighde Straitéisigh – Institiúid Cheannasach UCD

Teideal Iomlán	Luach Iomlán na Dámhachtana (€)	Méid a Bronnadh ar UCD (€) thar 3 bliana	Scoil	Institiúid Chomhpháirtíochta Cheannasach UCD	Institiúidí Chomhpháirtíochta	Comhpháirtithe Tionscail
Ard-Bhith-aithrigh do Choinbhéartú Fhuinneamh na Gréine	4,742,366	2,495,814	Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD	An tOllamh Don MacElroy	Ollscoil Luimnigh, OCBÁC	Airtricity, Celtic Catalysts, STREP
BioNanoInteract	7,241,740	2,864,521	Scoil na Ceimice agus na Ceimbitheolaíochta UCD	An tOllamh Kenneth Dawson	Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, OÉ Má Nuad, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Uladh	Intel, Biotrin, Cellix, Glantreo, ThermoFisher, DePuy
Líonra Taighde Seachadadh Drugaí na hÉireann (IDDN)	5,278,749	947,389	Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD	An tOllamh David Brayden	Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	Genzyme, Sigmoid, WEP
Cnuasach Taighde Bitheolaíochta Atáirgeach	7,410,200	4,557,922	Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD	An tOllamh Alex Evans	Teagasc	Pfizer Animal Healthcare, Biotrin

**Nóta:** Níl forchostais agus ranníocaíochtaí tionscail san áireamh leis na figiúirí thuas.



**Tábla 7B: Cnuasaigh Taighde Straitéisigh (CTSanna) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a Bronnadh ar UCD**

**Cnuasaigh Taighde Straitéisigh – Institiúid Chomhpháirtíochta UCD**

Teideal Iomlán	Luach Iomlán na Dámhachtana (€)	Méid a Bronnadh ar UCD (€) thar 3 bliana	Scoil	Institiúid Chomhpháirtíochta UCD	Institiúid Cheannasach
Próiseáil Chomhartha Digiteach Éifeachtach Leabaithe do Shláinte Dhigiteach Shoghluaiste (TCDEL)	3,978,541	289,018	Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD	An Dr Chris Bleakley	Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Cnuasach Cógaiseolaíochtaí Soladstaide	6,971,997	877,319	Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD	An tOllamh Brian Glennon	Ollscoil Luimnigh
Ard-gheoteicneolaíochtaí	7,024,583	265,659	Ríomheolaíocht agus Faisnéisíocht UCD	An Dr Michela Bertolotto	Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Líonra Sármhaitheasa do Bhithábhair Fheidhmeacha	4,347,426	380,171	Eolaíocht Bhithmhóilíneach agus Bhithleighis UCD	An tOllamh William Gallagher	Ollscoil na hÉireann Gaillimh

**Nóta:** Níl forchostais agus ranníocaíochtaí tionscail san áireamh leis na figiúirí thuas.



Neasach an Chomórtais Images of Research 2008 - 'Cube Turbulence', a chruthaigh Owen Grogan, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD

### Eochair thocsaineach ghalar Alzheimer ainmnithe

Tá taighdeoirí UCD i measc na gcomhúdar ar thuarascáil a chuir tús leis na hócáidí móilíneacha as a dtagann galar Alzheimer. Tugann na torthaí, a foilsíodh i *Nature Medicine* (22 Meitheamh 2008) le tuiscint go bhfuil sprioc nua féideartha ann d'fhorbairt treapeolaíochtaí drugaí chun troid in éadan an ghalair dhochúlaithe agus mheathlúcháin seo. Buaileann galar Alzheimer níos mó ná 40,000 duine in Éirinn agus 29.8 milliún duine ar fud an domhain. Mhínigh an tOllamh Dominic Walsh, Institiúid Conway UCD, agus comhúdar an pháipéir, go dtugann na torthaí tacaíocht don teoiric atá ag éirí níos coitianta gur féidir go dtarlaíonn easnaimh cuimhne ghalar Alzheimer mar thoradh ar chailliúint spionta deindríteacha agus go ndéantar an próiseas seo a mheánú le holagaiméirí amyloid  $\beta$ -phróitéin (A $\beta$ ), agus ní le monaiméir nó plaic A $\beta$  mar a síleadh roimhe seo.

## Nuacht agus Gnóthachtaí Taighde

Ag cuairt suímh an Ionaid Eorpaigh do Ríomhaireachtaí

Móilíneacha Adamhacha (IERMA) tá: an tOllamh Claude Guet (Tascfhórsa IERMA), an tOllamh Giovanni Ciccotti (Tascfhórsa IERMA); an tOllamh Nick Quirke (Príomhoide, Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla); an tAire Mary Hanafin, TD; an tOllamh Des Fitzgerald (Leas-Uachtarán Taighde); agus an tOllamh Eberhard Gross (Tascfhórsa IERMA)

### An Dámhachtain don Pháipéar Mac Léinn is Fearr

Bhuaigh Amaya Vega, mac léinn PhD i Scoil na hEacnamaíochta UCD, an Dámhachtain don Pháipéar Mac Léinn is Fearr, dámhachtain ardghradaim, ag Comhdháil Réigiúnach Eolaíochta Mheiriceá Thuaidh. Is é teideal pháipéar Vega, atá bunaithe ar a tráchtas PhD, ná *Residential Location and Travel-to-Work Mode Choices under Central and Suburban Employment Destination Patterns*. Sholáthraigh Scéim Mhaoinithe Síil UCD maoiniú di chun freastal ar an gComhdháil.

### Dámhachtain Tráchtálaithe

Bhronn Fiontraíocht Éireann Dámhachtain Tráchtálaithe ar an Ollamh Gerry Byrne agus Eamonn Ahearne as an dul chun cinn nuálaíoch a rinne siad ar theicneolaíocht chaideálaithe uisce. Tá an taighde a rinne siad ar fhorbairt theicneolaíochta na bpróiseas dílsithe ag Ionad Eolaíochta Ard-déantúsaíochta UCD ceadúnaithe anois ag an nGrúpa ABS i Loch Garman. Tháinig an taighde, a fuair maoiniú faoi scéim thráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann, aníos le próiseas chun feidhmiú chórais chaideálaithe ABS a fheabhsú. Thug Fiontraíocht Éireann agus an Grúpa ABS aitheantas don tionscadal mar shampla sármaith de chomhoibriú tionscail-acadúil.

### Óstálann UCD nód CECAM

Nuair a fógraíodh go mbeadh ceann de na sé 'nód' Eorpacha do ríomhanna adamhacha agus móilíneacha bunaithe in Éirinn, bhog tóraíocht na hÉireann le bheith ina ionad taighde ríomhaireachtúil ar aghaidh céim eile. Le tríocho bliain anuas bhí ról maighdeogach ag CECAM – an tIonad Eorpach do Ríomhanna Adamhacha Móilíneacha – i ndul chun cinn shamhaltú fheiniméin adamhacha mhóilíneacha. Is iomaí céim ar aghaidh san eolaíocht a tháinig as an taighde seo agus chabhraigh sé réimse an tsamhaltaithe ríomhaireachtúil a dhaingniú mar uirlis ríthábhachtach fionnachtana. Rangaíodh tairiscint na hÉireann, ar a raibh UCD i gceannas, sa tríú háit as 12 tairiscint ó phríomhollscoileanna na hEorpa tar éis cuairt a thug tascfhórsa ag déanamh ionadaíochta ar Chomhairle CECAM ar UCD le linn Eanáir 2008.



### Baineann páipéar UCD Duais PNAS

D'fhógair Imeachtaí Acadamh Náisiúnta na nEolaíochtaí (PNAS) gur bhuaigh páipéar ar a raibh UCD i gceannas, *Understanding the nanoparticle-protein corona using methods to quantify exchange rates and affinities of proteins for nanoparticles*, Duais Cozzarelli 2007. Roghnaíodh an páipéar seo as níos mó ná 3,600 alt taighde a d'fhoilsigh PANE le linn 2007 agus tugann Duais Cozzarelli aitheantas do pháipéir a léiríonn cion as cuimse sna disciplíní eolaíochta a seasann Acadamh Náisiúnta Eolaíochtaí na Stát Aontaithe dóibh.

### Faigheann ollamh de chuid UCD dámhachtain UWIG

Thug Grúpa Comhtháite Gaoithe Áirge onóir don Ollamh le hInnealtóireacht Leictreach, Mark O'Malley, mar fhaighteoir Dhámhachtain Ghnóthachtaí Bhlíantúil an ghrúpa. Fuair an tOllamh O'Malley an dámhachtain mar aitheantas ar ionchur agus ceannaireacht mhórthaibhseach i dtáirgeadh an staidéir 'All-Island Grid Study for Renewables Integration'. Is tionscadal cuimsitheach taighde teicniúil é an Staidéar Eangaí Uile-Oileáin a chuireann ar chumas an chórais cumhachta leictre agus an eangaí náisiúnta méideanna móra leictreachais táirgthe ó fhoinsí inathnuaite a ionsú.

### Comórtas RoboRugby UCD

Scaoil mic léinn nuálaíochta innealtóireachta agus ríomheolaíochta 21 róbat do chraobh ceannais chomórtas RoboRugby Siemens a reáchtáladh le linn Bhealtaine 2007 i UCD. Ba é seo ceathrú bliain na hócáide le 62 mac léinn ag glacadh páirte sa chomórtas, a bhfuil sé mar aidhm aige

sport agus spraoi a bhaint as innealtóireacht agus scileanna taobhsmaointeoireachta agus seiftiúlachta a fhorbairt ag an am céanna. Creideann Brian Mulkeen, as Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD, gurb é an dóigh is fearr chun scileanna innealtóireachta agus fadhbréitigh ná tabhairt faoin dearadh praiticiúil.

### Rangú domhanda d'ollamh de chuid UCD

Rangáíodh an tOllamh Da-Wen Sun, as Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta, i measc 1% d'eolaithe talmhaíochta is fearr an domhain, de réir bhunachar sonraí Essential Science Indicators (ESI). Soláthraíonn bunachar sonraí ESI ó Thomson Scientific sonraí chun eolaithe, institiúidí, tíortha agus iriseáin aonair a rangú. De réir na sonraí a díorthaíodh thar thréimhse de 10 mbliana, tá 2,127 eolaí san iomlán ar an 1% de na heolaithe is luaite i gcatagóir na nEolaíochtaí Talmhaíochta, agus tá an tOllamh Sun ag barr an liosta lena rangú de 51.

### An Páipéar Mac Léinn is fearr ag FoodSim2008

Fuair Ilias Soumpasis, taighdeoir i Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta, an dámhachtain don Pháipéar Mac Léinn is Fearr ag an gComhdháil Dhébhliantúil Idirnáisiúnta Insamhalta Bia agus Cothaithe, FoodSim 2008. Ba é aidhm na hoibre a chuir Soumpasis agus a mhaoirseoir, an tOllamh Francis Butler, i láthair ná modh malartach a thaispeáint chun forleathadh na pataigine salmonella a insamhlú ag leibhéal na feirme, a thugann réamhaisnéis níos beachte ar conas a fhorbraíonn salmonella ar fheirmeacha muc i gcomparáid le samhlacha atá ann cheana.



Ag comhdháil FoodSim2008 (ó chlé): an Dr Enda Cummins, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD; Ilias Soumpasis, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD; agus an Dr Graeme Horley, Oifigeach na gClár Eolaíochta, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

### Seoladh córas Próifíl Taighdeora

Chur Taighde UCD an córas Próifílithe Taighdeora ar fáil ar fud na hollscoile uile. Soláthraíonn na próifílí bealach chun gnóthachtálacha taighde na mball foirne acadúil agus taighde i UCD a thaispeáint do phobal domhanda. Glacadh leis an gcóras Próifílithe Taighdeora, a dhear an pobal taighde don phobal taighde, go forleathan agus rinneadh é a ionchorprú i suímh ghréasáin Scoileanna agus Institiúidí ar fud UCD. Tá níos mó ná 1,200 próifíl de bhaill foirne acadúla anois ar fáil ([www.ucd.ie/research/people](http://www.ucd.ie/research/people)).

### Cabhraíonn taighdeoir as UCD cóireáil tosaigh do VEID a ainmniú

D'fhoilsigh an *New England Journal of Medicine* torthaí ó mhórstaidéir cliniciúil chun luacháil a dhéanamh ar chóras cóireála VEID a úsáidtear go coitianta ar othair atá ag tosú teiripe den chéad uair. Dhearbháigh an staidéar gurb é ceann de na cuingreacha trí dhruaga a ordaítear is minice d'ionfhabhtú tosaigh VEID-1 an ceann is éifeachtaí chun VEID a shochtadh. D'aimsigh an staidéar chomh maith gur fheidhmigh córas dhá dhruaga go hinchomparáideach ar othair a bhí soghabhálach i leith seachthorthaí diana ó choscairí trascríptáis aisiompaithe núicléisíde (CTAN) a dhéanann suas páirt den chóras trí dhruaga. Dúirt an tOllamh Bill Powderly, Ceann Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, go bhfuil se rí-thábhachtach staidéar a dhéanamh ar éifeachtacht choibhneasta chóireálacha éagsúla agus a seachthorthaí, fiú nuair atá siad le fáil ar an margadh.

Mic léinn innealtóireachta agus ríomheolaíochta na chéad bhliana ag ullmhú don dúshlán RoboRugby

## Institiúid Conway UCD don Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis

Díríonn an clár taighde ag Institiúid Conway UCD don Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis ar mhóilíní bitheolaíochta, ag scrúdú conas a chuireann móilíní aonair le gnáthfheidhmiú cealla agus orgáin dhaonna, agus conas a chuireann galar isteach air seo. Is í an tOllamh Janet Allen Stiúrthóir na hInstitiúide.

Bronnadh €37 milliún d'ioncam deontais piar-athbhreithnithe ar Institiúid Conway UCD don Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis le linn na bliana. Go háirithe, bhí taighdeoirí Conway UCD rathúil maidir le maoiniú a fháil ón FEÉ chun croítheicneolaíochtaí na hInstitiúide a uasghrádú. Soláthraíonn na croítheicneolaíochtaí rochtain ar threalamh agus tacaíocht theicniúil den scoth d'imscrúduitheoirí. I measc na bhfeabhsuithe a fuair maoiniú ó dheontais FEÉ le linn na bliana bhí:

- Tuilleadh forbartha ar an acmhainn mais-speictriméadrachta;
- Bunú ardáin sheicheamhachta ghéanómaíochta na chéad ghlúine eile de chuid Illumina;
- Micreascóp comhfhócasach diosca guairneála d'íomháu na gceall beo;
- Ardán íomháithe PET/SPECT/CT d'ainmhithe beaga;
- Micreascóp leictreonach tarchurtha ardvoltais le tomagrafaíocht.

### Dul chun cinn go dtí seo

Chuir mic léinn iarchéime faoi mhaoirseacht chigirí Conway UCD isteach 51 tráchtas PhD, sé thráchtas MD agus ceithre thráchtas MSC agus d'fhoilsigh cigirí de chuid Conway UCD 279 páipéar piar-athbhreithnithe san iomlán le linn na tréimhse. Bhronn FEÉ dhá Ollúnacht Stokes agus Léachtóireacht Stokes amháin i réimse na Bitheolaíochta Córais ar Institiúid Conway UCD (€3.15 milliún san iomlán). Ina theannta sin, fuair Institiúid Conway UCD maoiniú ó dheontas Infreastruchtúir an Údaráis um Ard-Oideachas (€1.2 milliún) chun tacú le hathfhorbairt Áis Bithleighis UCD.

Rinne Ionad Taighde Próitéamaíochta na hInstitiúide an Chéad Lá Taighde Próitéamaíochta in Éirinn a óstáil le linn Aibreán 2008, faoi choimirce Chumann Taighde Próitéamaíochta na Breataine.

Le maoiniú faoi Thimthriall 4 PRTL an Údaráis um Ardoideachas do Chlár Líonraí na nEolaíochtaí Bithleighis, ghlac Institiúid Conway UCD páirt sa i gclár nuálaíoch Chomhaltacht Eolaí Cliniciúil atá á bhainistiú trí Leigheas Móilíneach Éireann (MMI). Is é seo an chéad chlár náisiúnta a bhfuil baint ag cúig scoil leighis na hÉireann leis agus soláthraíonn sé deiseanna oiliúna PhD speisialaithe do dhochtúirí cáilithe leighis chun dul i mbun taighde bithleighis. Tá Institiúid Conway UCD ina ósta ag triúr de na comhaltáí taighde seo. Leanann Institiúid Conway UCD ar aghaidh ag tabhairt

tacaíochta d'oideachas i réimse na nEolaíochtaí Aistritheacha agus d'óstáil sí cúrsa do MMI ar Theicnící agus Straitéisí sa Leigheas Móilíneach.

Is Suíomh Oiliúna Marie Curie do Néar-imdhíoneolaíocht Mhóilíneach é Institiúid Conway UCD. Mheall an clár seo mic léinn iarchéime as gach cuid den AE go UCD. I mí an Mhárta 2008, mheall a Céad Siompóisiam ar Néar-imdhíoneolaíocht níos mó ná 250 rannpháirtí as gach cearn den domhan chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht eolaíochta.

Tionóladh 7ú Féile Thaighde Bhliantúil Conway ar an 20 Meán Fómhair 2007, ag taispeáint gnóthachtálacha taighde na hInstitiúide. Chuir taighdeoirí Conway UCD 120 coimriú i láthair i Halla O'Reilly UCD agus d'fhreastail níos mó ná 300 duine ar an ócáid. Tugadh cuireadh do thriúr aoichainteoirí oirce ón bpobal taighde idirnáisiúnta léachtaí iomlánacha a thabhairt: an tOllamh Peter Dervan, Institiúid Teicneolaíochta California; An tOllamh Kim Nasmyth, Ollscoil Oxford; agus an tOllamh Steve Jones, Coláiste na hOllscoile, Londain.

I mí Dheireadh Fómhair 2007, d'fhógair Merck Sharp & Dohme Ireland (Sláinte Dhaonna) a urraíocht feadh bliana do Shraith Léachtaí agus Seimineár Conway (CLASS). Chinntigh an comhoibriú tionscail-acadúil go leanann na seimineáir sheachtainiúla ar aghaidh a mheallann taighdeoirí le clú domhanda chun aitheasc a thabhairt d'imscrúduitheoirí agus do mhic léinn iarchéime Conway UCD.



I mí Dheireadh Fómhair 2007, d'óstáil an tOllamh Oliver Fitzgerald agus an tOllamh Pauline Rudd (Institiúid Conway UCD Conway agus INTOB) 8ú Siompóisiam Jenner, *Glicibitheolaíocht agus an Leigheas*, faoi choimirce Chumann Ríoga an Leighis. Rinne Institiúid Conway UCD ceardlann idirnáisiúnta a óstáil chomh maith ar Eipiginteacht Shóisialta a d'eagraigh an tOllamh Richard Tremblay i mí an Mhárta 2008. Le linn mhí an Mhárta chomh maith, d'óstáil an tOllamh Philip Newsholme cruinniú de chuid an Chumainn Bhithcheimicí agus d'óstáil Ionad Taighde Diaibéitís UCD siompóisiam ar Neifreapaite

Diaibéiteach le linn mhí an Mheithimh, a mheall níos mó ná 150 toscaire idirnáisiúnta.

### Spríocanna don todhchaí

Leanfaidh Institiúid Conway UCD ag tógáil mais chriticiúil i réimse na Bitheolaíochta Córais trí fhorbairtí acadúla agus infreastruchtúir. Tíocfaidh Ollaimh nua Stokes an FEÉ, Ulla Knaus agus Johan Ericsson isteach san Institiúid le linn Fhómhar 2008. Leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag cothú leigheas aistritheach tríd Institiúid Charles atá sna hardchéimeanna pleanála.

## Is féidir go gcabhróidh triail nua leis an gceimiteiripe a sheachaint

D'fhorbair eolaithe ag Institiúid Conway UCD agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinsinn triail d'othair ailse cíche nua-dhiagnóisithe a thíocfadh cabhrú le roinnt ban ceimiteiripe a sheachaint. Rinne roinnt grúpaí neamhspleácha ar fud an domhain na torthaí a thástáil agus a bhailíochtú, i staidéir lena raibh níos mó ná 8,000 othar i gceist. Mhol Cumann Oinceolaíochta Cliniciúla Mheiriceá go n-úsáidtear an triail seo ar gach othar ailse cíche nua-dhiagnóisithe. Mhínigh an tOllamh Joe Duffy, Institiúid Conway UCD agus Ospidéal Ollscoile Uinsinn, gur féidir go gcabhróidh an triail seo réiteach níos saincheaptha a chur ar fáil d'othair.



Baill den choiste CLASS, in éineacht le hionadaithe de chuid Merck, Sharp & Dohme (MSD) Ireland agus an tOllamh Leroi as Imperial College London, a thug an chéad cheann de na léachtaí arna n-urru ag MSD. Sa ghrianghraf (ó chlé) Tim Sparey, Merck Sharp & Dohme; an tOllamh Janet Allen, Institiúid Conway UCD; An Dr Keith Murphy, Institiúid Conway UCD; An Dr Derek Brazil, Institiúid Conway UCD; an tOllamh Armand Leroi, Imperial College London; An Dr Neil Boyle, Merck Sharp & Dohme; An Dr Orina Belton, Institiúid Conway UCD; agus An Dr Peter Smyth, Institiúid Conway UCD



Buaiteoir AccesScience '08, Billy Fleming, leis an láithreoir Pat Kenny

## Institiúid Geary UCD

Déanann Institiúid Geary UCD taighde ceannródaíoch ar cheisteanna maidir le saol an duine agus an éifeacht a bhíonn ag beartas poiblí ar réimsí mar thorthaí luathóige, neamh-chomhionannais óige, iompair scoir agus roghanna oideachais. Is é sainmharc na hInstitiúide ná a taighde trasdisciplíneach a scrúdaíonn réitigh éifeachtacha ar cheisteanna eacnamaíocha, polaitíochta, eipidéimeolaíochta agus sóisialta. Is é Stiúrthóir na hInstitiúide ná an tOllamh Colm Harmon.

Is é fíis na hInstitiúide ná:

- Tacaíocht a thabhairt do mhodhanna teorainneacha imscrúduithe, as a dtagann scoth na bhfoilseachán taighde;
- An phróifíl idirnáisiúnta agus rangú a taighdeoirí a fheabhsú;
- Ról lárnach a bheith aici maidir le hoiliúint na chéad ghlúine eile de thaighdeoirí trí dheiseanna a uasmhéadú do mhic léinn iarchéime chun oibriú in éineacht le hardtaighdeoirí ar thionscadail bheo;
- Anailís oibiachtúil agus réitigh éifeachtacha a sholáthar a thugann aghaidh ar na dúshláin atá roimh lucht déanta beartas.

### Dul chun cinn go dtí seo

Tá foilseachán phiar-athbhreithnithe ina bpríomhfhócas ag an Institiúid agus foilsíodh ailt de chuid thaighdeoirí na hInstitiúide sa *Journal of Applied Econometrics*, *Journal of Business and Economics Statistics*, *Economic Inquiry* agus an *British Journal of Political Science*, chomh maith le roinnt eile.

Lean an tsraith sheachtainiúil Seimineár Iompraíochta ar aghaidh, le clár beoga de pháipéir ó aoichainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Sheol an tIonad um Iompraíocht agus Sláinte sraith Seimineár Modhanna Cainníochta Taighde, atá déanta suas d'aoichainteoirí iarrtha, máistir-ranganna agus ceardlanna. Ina theannta sin, tionóladh roinnt mór-ócáidí, lena n-áirítear comhdhálacha ar ardoideachas, eacnamaíocht shláinte agus taighde sláinte idirdisciplíneach.

Sheol Institiúid an tSaotharlann Dinimicí chun tacaíocht a thabhairt do thaighde agus d'oiliúint i réimse na hAnailíse ar Líonraí Sóisialta, Próisis Shóisialta Grúpaí agus na nEolaíochtaí Ríomhaireachtúla Sóisialta agus chun cabhrú le comhoibriú idir thaighdeoirí in anailísiú ar iompraíocht dhinimiciúil agus choimpléascach i líonraí sóisialta agus próisis ghrúpaí.

Tá Institiúid Geary UCD ag comhoibriú le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan chun scrúdú a dhéanamh ar iompraíocht rioscúil sláinte, go háirithe, iompraíocht rioscúil tiomána. Forbraíodh tionscadail chomhoibrítheacha le grúpaí d'ospidéal chliniciúla i gcomhpháirtíocht le hOspidéal Ollscoile Mater Misericordiae agus

Ospidéal Ollscoile Naomh Uinsinn. Lean an dlúth-theagmháil ar aghaidh le comhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta, lena n-áirítear RAND Corporation, Kennedy School of Government ag Harvard agus University of Chicago: Harris School of Public Policy.

Tá obair ar siúl ar luacháil an chéad chlár um beartas sóisialta trialach in Éirinn, *Preparing for Life*, i bpobail Dharndál, Radhairc an Mhóta agus Belcamp i mBaile Átha Cliath. Thosaigh earcaíocht an chlár i mí Eanáir 2008 agus tá mná le haghaidh clainne sna pobail seo á n-earcú go fóill trí ospidéal mháithreachais.

Críochnaíodh obair allamuigh ar SHARE – an Suirbhé Sláinte, Aosaithe agus Scoir san Eoraip – agus an pháirt Éireannach den staidéar fadaimseartha seo díobh siúd os cionn 50 bliain d'aois, a seoladh ar an 20 Deireadh Fómhair 2007.

Chuir rangaithe Mheán Fómhair 2008 ó bhunachar sonraí na bPáipéar Taighde san Eacnamaíocht (RePeC) Institiúid Geary UCD sa 47ú háit go hidirnáisiúnta agus sa 13ú háit san Eoraip i measc ionaid ollscoil-bhunaithe. Cuireann seo Institiúid Geary UCD sa 1% de na hInstitiúidí is fearr ar fud an domhain.

Thug an RePeC ardrangaithe d'acadóirí aonair a bhfuil baint acu leis an Institiúid chomh maith. Rangáíodh na hacadóirí seo a leanas de chuid UCD i measc an 10% is fearr san Eoraip, comhiomlánaithe ar fud na dtomhas rangaithe go léir: na hOllaimh Paul Devereux, Colm Harmon, James Heckman, Karl Whelan, Ronald Davies agus James Markusen. Ba iad seo leanas comhaltá



seachtracha a bhí bainteach le UCD agus a bhí i measc an 10% is fearr san Eoraip: Ollamh Cúnta le hEacnamaíocht Sláinte i UCD, an Dr James Smith (RAND), an tOllamh Ian Walker (Warwick) agus an Dr Arnaud Chevalier (Royal Holloway).

B'ionann na conarthaí a síníodh do thaighde seachtrach le linn 2007/08 agus os cionn €1 mhilliún. Seoladh Staidéar Ollscoileanna na hÉireann (IUS) le linn mhí Aibreáin 2008, suirbhé gréasánbhunaithe ag scrúdú an daonra mac léinn trío agus ceathrú leibhéal i seacht n-ollscoil na hÉireann. Críochnaíodh an chéad bhabhta den staidéar i mí Bealtaine agus cuireadh torthaí i láthair ag roinnt ócáidí acadúla agus beartais.

### **Spricanna don todhchaí**

Cuirfidh Institiúid Geary UCD leis na gnóthachtálacha seo, le béim faoi leith ar seo a leanas do 2009:

- Saineolas in aosú a fhorbairt tar éis sheoladh an staidéir SHARE dóibh siúd os cionn 50 bliain d'aois i mí Dheireadh Fómhair 2008;
- Forbairt ar ghníomhaíocht dhírithe in eacnamaíocht iompraíochta, lena n-áirítear cruthú comhpháirtíochtaí nua le comhghleacaithe i Scoil na Ríomhaireachta agus na Faisnéisíochta UCD agus caidrimh leanúnacha le comhghleacaithe i gColáiste na nEolaíochtaí Beatha UCD;
- Comhdhlúthú an róil cheannaireachta i bhforbairt modhanna trialacha luachála lena n-áirítear treisiú ár gceangal le comhpháirtithe AE trí Líonra Eorpach Idirghabhálacha Luathóige;
- Forbairt bhreise an chlár intéirneachta bhunchéime, a bhí á reáchtáil go rathúil ar bhonn píolótach le dhá bhliain anuas.

## **Taighde Reatha ag Geary**

San Ionad Iompraíochta agus Sláinte, tá taighdeoirí Geary ag tabhairt faoi roinnt mórthionscadal taighde i réimse an ardoideachais.

### **Staidéar EuroStudent**

Suirbhé ar fud na hEorpa ar choinníollacha socheacnamaíochta agus maireachtála ag mic léinn trío leibhéal.


### **Staidéar Ollscoileanna na hÉireann**

Mórstaidéar painéil ar mhic léinn agus ar thaighdeoirí sna seacht n-ollscoil Éireannacha.

### **Clár Rochtana Ardoideachais**

(i bpáirt le Tionscnamh Rannpháirtíochta Leathnaithe New ERA UCD)

Déanann an staidéar seo luacháil ar thionchar na gclár rochtana ar rannpháirtíocht, coinneáil agus rath oideachais.



*Neasach an Chomórtais Images of Research 2008 - 'Finding Nanno', a chruthaigh Lee Toms, Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD*

## Institiúid Uirbeach na hÉireann UCD

Is ionad d'fhorbairt teicneolaíochtaí, beartas agus smaointe nua é Institiúid Uirbeach na hÉireann (UII), a bunaíodh chun dálaí na timpeallachta oibre agus maireachtála a fheabhsú, agus aontaíonn sé innealtóirí, pleanálaithe, ailtirí, geografaithe, eacnamaíthe agus eolaithe, i dtreo bealaí nuálaíoch a aimsiú chun dul i ngleic le dúshlán na forbartha inbhuanaithe.

### Dul chun cinn go dtí seo

D'éirigh thar barr le UII le linn 2007/08, ag mealladh mórdheontas faoi EU FP7 lena n-áirítear: YEAR, Gníomhú Comhordaithe agus Tacaíochta (€270,000); ASSET, Tionscadal comhoibritheach (€402,600 do UCD); HAPPINESS, Deontas Chomhairle Taighde na hEorpa (€95,000) agus clár Malartach na hEoráise Erasmus a sholáthraíonn maoiniú do chúigear mac léinn lánaimseartha PhD ón Áise chun teacht go UCD le staidéar ar feadh trí bliana. Ina theannta sin, d'éirigh leis an UII maoiniú náisiúnta iomaíoch a fháil tríd an FEÉ, IRCHSS agus IRCSET.

Le linn na bliana leathnaigh an Institiúid chun freastail ar 27 mac léinn PhD agus cúigear comhaltaí iardhochtúireachta.

Beidh an chéad chohórt de Chlár Oideachais Taighde Iarchéime IRCHSS/IRCSET (€1.5 milliún) a bheidh le hóstáil in UII ag tosú i Meán Fómhair 2008. Fuair an Clár PhD i bhForbairt Inbhuanaithe maoiniú do 10 mhac léinn lánaimseartha. Is iad ceithre chnuasach: an Chlár ná Bithéagsúlacht agus Athrú Aeráide; Polasaí agus Eacnamaíocht an Chomhshaoil; Pleanáil agus Úsáid Talún; agus Iompar agus Infreastruchtúr.

Bronnadh an Dámhachtain ardghradaim Ollaimh ar Cuairt E.T.S. Walton FEÉ ar an Ollamh Roger White ó Memorial University, Ceanada atá ina phríomhthaighdeoir i samhltú athrú úsáide talún.

Bronnadh Deontas ardghradaim Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa, a mhaoinigh IRCHSS ar an Dr Susana Ferreira agus ar an Ollamh Peter Clinch, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD, agus an Dr Finbarr Brereton, le tacaíocht ó UII do HAPPINESS (Sonas, Institiúidí Polaitiúla, Timpeallacht Nádúrtha agus Spás), anailís chomparáideach ar thionchar choinníollacha an chomhshaoil, réimis chomhshaoil agus comhthéacs polaitíochta ar leas suibhiachtúil.


Tugann an tionscadal Réimse Taighde an Eorpaigh Óig 2008 (YEAR2008), maoinithe faoi EU FP7 agus leis an Ollamh Eugene O'Brien i gceannas air, deis do thaighdeoirí luathchéime ó gach cuid den Eoraip a n-obair i réimse iompair ar bhóthair a thaispeáint do shaineolaithe sa réimse céanna. Tugadh cuireadh do chaoga taighdeoir freastal ar Chomhdháil an Réimse Taighde Iompair 2008 i Ljubljana na Slóivéine le linn Aibreán 2008, chun a n-obair a chur ar taispeáint.

### Spriocanna don todhchaí

Is é toilmhian an Tionscadail Timpeallachta Uirbí a fhaigheann maoiniú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná polasaí agus pleanáil spáis a cheangal le cinnteoireacht ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha, ag úsáid samhail ríomhaire-bunaithe (MOLAND) chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta ar bhealach comhtháite. Is bunsprioc é seo a rolladh amach mar uirlis oibríoch a fheabhsóidh forbairt inbhuanaithe.

Tá UII ag comhordú clár laistigh de UCD dar teideal 'Earth Systems Institute' a bhfuil an tOllamh Frank Convery i gceannas air. Tugann an tionscnamh le chéile taighdeoirí sna réimsí seo a leanas: Domhanchórais, Bithacmhainní, Nainriosca, Bithchoimpléascacht, Beartas Comhshaoil, Staidéir Uirbeacha (lena n-áirítear Iompar agus Úsáid Talún) agus Fuinneamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar athraithe chomhshaoil agus athraithe foinsí fuinnimh ar Éirinn sa todhchaí.

Soláthraíonn bróisiúr Institiúid Uirbeach na hÉireann i réimse Transport, Infrastructure and Land Use sampla de thionscadail agus foilseacháin reatha de chuid UCD údaraithe ag an ngrúpa taighde seo



## Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD

Is spás dinimiciúil cruthaitheach é Institiúid Daonnachtaí na hÉireann (HII) UCD do thaighde agus do dhíospóireacht sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí daonna. Díronn spriocanna straitéiseacha an HII ar thacaíocht a thabhairt do nuálaíocht agus barr feabhais i dtaighde sna healaíona agus sna daonnachtaí, ag an am céanna ag soláthar ardáin do mhic léinn ardchaighdeáin dochtúireachta agus scoláirí gairme. Is é an Dr Marc Caball stiúrthóir na hInstitiúide. Faigheann a chlár taighde reatha maoiniú trí Thimthriall 3 PRTLÍ an Údaráis um Ard-Oideachas agus is é a theideal ná 'Identity, Memory and Meaning in the 21st Century'.

### Dul chun cinn go dtí seo

Le linn thréimhse na tuarascála seo, bhí 29 mac léinn dochtúireachta agus beirt chomhaltaí iardhochtúireachta ina mbaill den HII. Bhí triúir ball foirne acadúla de chuid Choláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD agus acadóir ar cuairt cleamhnaithe leis an HII agus iad ar saoire shabóideach don taighde.

Ina theannta sin, tá seisear príomhimscrúdaitheoirí ó Choláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh i gceannas ar shnáithe taighde laistigh de chlár an HII agus leanann foireann Leabharlainne agus Cartlainne Fhíorúil na hÉireann um Thaighde ar aghaidh ag digitíú ábhair dhaonnachta thábhachtacha ó stoc saibhir cartlainne UCD.

I réimse líonraithe idirnáisiúnta sna daonnachtaí, tá an HII ina bhall gníomhach den Chuibhreannas um Institiúidí Taighde sna Daonnachtaí agus de Ghrúpa Institiúidí Ardstaidéir na nDaonnachtaí ag Ollscoil Londain.

### Gnóthachtálacha tábhachtacha

Chuir sraith ardmholta sheimineár idirdhisciplíneach HII agus léachtaí eile fócas beoga ar fáil do phlé agus díospóireacht i measc mic léinn, acadóirí agus i measc an phobail a raibh suim acu ann. I measc na gcainteoirí a ghlac páirt bhí:

- An Dr Rory Miller (King's College, Londain) – *An Pobal Iúdach in Éirinn agus Síonachas*;
- An tOllamh Margaret Kelleher (OÉ Má Nuad) – *An Cultúr Détheangach in Éirinn in am Bhanríon Victoria*;
- An tOllamh Gerry Kearns (Ollscoil Cambridge) – *Náisiún, Diaspóra agus Iltíreacht in Éirinn*;
- Hugo Hamilton (úrscéalaí) – *Féiniúlacht agus Bréagríocht*;
- Micheal O'Siadhail (file) – *Tráma agus Fís agus Múnú na Staire*.



An Dr Marc Caball, Stiúrthóir Institiúid Daonnachtaí na hÉireann, agus an t-úrscéalaí Hugo Hamilton, a ghlac páirt i sraith seimineár idirdhisciplíneach IDÉ

Rinne HII, i gcomhpháirtíocht le Scoil na dTeangacha agus na Litríochtaí UCD, sraith léachtaí a óstáil ar litríocht chomparáideach a thug príomhscoláirí idirnáisiúnta. I measc na scoláirí sin bhí an tOllamh Elizabeth Boa (Ollscoil Nottingham), an tOllamh Aleida Assman (Ollscoil Constanz) agus an tOllamh George Steiner (Ollscoil Oxford).

Thug an tOllamh Tomás Ó Cathasaigh (Staidéir Cheiltigh, Harvard), an tOllamh Julian Thomas (Seandálaíocht, Manchain) agus an tOllamh Werner Jeanrond (Diagacht, Glaschú) Léachtaí Oirce HII.

D'óstáil HII roinnt comhdhálacha ardphróifíle a thug aghaidh ar shaincheistanna leathana mar shampla tionchar cultúrtha an domhandaithe in Éirinn, domhan-scríobh agus imirce; cultúir scrípte agus chló in Éirinn; teoiric na haiteachta agus litríocht.

### Spriocanna don todhchaí

Díreoidh clár oibre taighde straitéisigh HII ar na daonnachtaí in Éirinn i gcomhthéacs domhanda comparáideach. Ardóidh seo láidreachtaí mórthaibhseacha UCD i scoláireacht agus taighde sna daonnachtaí agus bainfidh sé fónamh as rochtain HII ar líonraí taighde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

## Saotharlann Chórais Choimpléascacha agus Oiriúnaitheacha (CASL) UCD

Is tionscnamh taighde nuálaíoch é Shaotharlann Chórais Choimpléascacha agus Oiriúnaitheacha (CASL) UCD a chuireann faisnéisíocht, matamaitic fheidhmeach agus ríomheolaíochtaí ag croílár straitéis eolaíochta UCD. Tríd CASL, tá taighdeoirí in airgeadas, sna heolaíochtaí daonna agus in eacnamaíocht ag baint leasa as uirlisí faisnéisíochta, géineolaíochta agus bitheolaíocht ríomhaireachtúil chun eolas nua a sholáthar ó fhaisnéis choimpléascach. Déanann an CASL roinnt de na taighdeoirí is nuálaí in Éirinn a óstáil, atá ag obair i réimsí éagsúla mar shamhlú bithleighis, réamhaisnéisí airgeadais agus tarluithe tubaisteacha. Soláthraíonn an CASL réitigh nua i mianadóireacht sonraí agus samhlú ríomhaireachtúil do na fadhbanna is achrannaí ar domhan, i sláinte, in airgeadas agus sa chomhshaol. Is é an Dr Scott Rickard Stiúrthóir na hInstitiúide.

### Dul chun cinn go dtí seo

Ó seoladh é go mall sa bhliain 2006, d'fhás CASL ó 175 taighdeoir agus ball foirne go 2010. I measc na mórchlár tá Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL) agus CLARITY, a bheidh á óstáil i CASL go dtí tús 2009. Le linn Lúnasa 2008, thosaigh an príomh-mhatamaiticeoir, an tOllamh Nigel Boston le hInstitiúid Claude Shannon mar Ollamh Stokes FEÉ le glanailgéabar agus Ailgéabar Feidhmeach.

### Gnóthachtálacha tábhachtacha

- 19–20 Bealtaine 2008: Tionóladh Ceardlann Institiúid Claude Shannon ar Chódú agus Cripteagrafaíocht ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh;
- Meitheamh 2008: *Scientific Predictions of the Irish Climate in the 21st Century* – a chomheagraigh an tOllamh Peter Lynch agus a sheol an tAire Comhshaoil John Gormley TD;
- Iúil 2008: Sheol Maurice Coyle agus Peter Briggs, in éineacht leis an Ollamh Barry Smyth, HeyStaks, teicneolaíocht chun cuardach an

idirlín a fheabhsú trí eolas a chruachadh agus a roinnt;

- Bronnadh maoiniú PI de chuid FEÉ ar an Dr Michael O'Neill le linn Lúnasa 2008 as ucht an tionscadail EDGE (Éabhlóid i dTimpeallachtaí Dinimiciúla le hÉabhlóid Ghramadaí);
- Chuir an Grúpa Foghlama Meaisín, faoin Ollamh Pádraig Cunningham, dhá fheidhmchlár bogearra ar fáil le haghaidh anailíse ar shonraí bithleighis, metaFIND agus enableNMF;
- Roghnaíodh Institiúid Claude Shannon chun an Naoú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Réimsí agus Feidhmchláir Chríochna a bheidh ar siúl ar an 13–17 Iúil 2009 i UCD.

### Spríocanna don todhchaí

- Tús a chur le clár nua ar Bhitheolaíocht Chórais;
- Clár nua a fhorbairt ar thaighde nuálaíochta;
- Cnuasach taighde straitéisigh a bhunú ar mhatamaitic airgeadais.

Neasach an Chomórtais  
Images of Research  
2008 - 'Seastars', a  
chruthaigh an  
Dr Julia Sigwart, Scoil  
na Bitheolaíochta  
agus na hEolaíochta  
Comhshaoil UCD





## Institiúid Bia agus Sláinte UCD

Tugann Institiúid Bia agus Sláinte UCD, tionscnamh ildisciplíneach uile-champais, príomhacadóirí agus taighdeoirí as gach réimse de thaighde bia agus sláinte in UCD. I measc na réimsí seo tá sábháilteacht bia; bia agus an tomhaltóir; táirgeadh bia; rialúchán bia; bia agus cothaíocht; eolaíocht an bhia agus bithchórais bhia. Is é aidhm na hInstitiúide ná taighde a chothú ar fud na ndisciplíní agus, trína taighde, tionchar a bheith aici ar bheartais náisiúnta agus Eorpacha; feacht an phobail ar shaincheisteanna bia agus sláinte a chur chun cinn; agus dul i ngleic le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Is é Mike Gibney Stiúrthóir na hInstitiúide.

### Institiúid Bia agus Sláinte UCD

Fuair an Institiúid €8.64 milliún le déanaí mar pháirt den Ionad Náisiúnta um Thaighde Bia Fheidhmigh (NFFRC), a fhaigheann cómhaoiniú ó Fiontraíocht Éireann agus ó cheithre mhórchuideachta bia Éireannacha. Déanfaidh an NFFRC, lena n-áirítear Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ionad Taighde Bia Teagasc Moorepark agus Ollscoil Luimnigh mar chomhpháirtithe, imscrúdú ar fhorbairt bianna feidhmeacha bunaithe ar bhainne, ag díriú ar réimsí sláinte mar fhorbairt luath-naíonda, siondróim meitibileach, imdhíonacht/ionfhabhtú agus ailse chalaireicteach. Beidh taighde an Ionaid, faoi chomhordú an Ollaimh Dolores O’Riordan as Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta, bunaithe ar thaighde ar leithlisí, caractracht, fhoirmiú agus bhailíochtú bhithghníomhaithe bainne.

### Gnóthachtálacha tábhachtacha

Fuair an Institiúid €971,000 ó Fhoras na Mara agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia mar pháirt de Chlár Bianna Feidhmeacha Muirí. I gcomhar le taighdeoirí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, déanfaidh Tionscnamh Taighde Bianna Feidhmeacha Muirí faoi cheannas an Ollaimh John O’Doherty, as Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, comhábhair agus táirgí nua bia muirí a ainmniú trí dhírú ar na trí réimse seo a leanas: úsáid na dramhaíola ó phróiseáil éisc; úsáid inbhuanaithe éisc agus feamainn thearcúsáidte; agus forbairt táirgí breisluacha ó dhobharshaothrú.

Bronnadh conradh ceithre bliana de luach €625,870 do UCD ar an Institiúid ó EU FP7 chun córas faireachais nochtá ceimicí bia a chruthú laistigh den AE. Déanfaidh tionscadal FACET (Tasc Nochtá Blaitithe, Breiseán agus Pacáistiú Bia) imscrúdú ar na trí chroíreimse seo

a leanas i gcomhar le 20 comhpháirtí ar fud an AE: neamhchosaint ar bhreiseán bhia, substaintí blaitithe agus imircigh phacáistithe bia.

Tríd an Bord Taighde Sláinte agus FIRM fuair an Institiúid €1.62 milliún as a ról i mbunú Ionaid Taighde Náisiúnta ar Chothú, Murtall agus Diaibéiteas (NRC). Leis an Ollamh Cecily Kelleher, as Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD, i gceannas ar fhoireann ildisciplíneach UCD agus ag obair le taighdeoirí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Teagasc, agus ar bhonn uile-Éireann le Réadlann Shláinte Dhaonra na hÉireann agus Thuaisceart na hÉireann, déanfaidh an NRC taighde, atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus a sholáthróidh an bunús fianaise do bheartas poiblí, cothú sláinte agus cleachtas cliniciúil ar chosc agus bhainistiú murtail agus diaibéitis agus mhí-oidr mheitibileacha bhainteacha.

Ghlac an Institiúid le ról ceannasach faoin Ollamh Mike Gibney, le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Uladh mar chomhpháirtithe i gcuibhreannas Chomheagraíocht Géanómaíocht Chothaitheach na hÉireann. Is é feidhm an chuibhreannais ná bunachar mór sonraí a chruthú le heolas a léiríonn an feinitíopa cothaitheach náisiúnta. Fuair UCD maoiniúchán ó FIRM do dhá ghné de chuid an tionscadail, an Suirbhé Náisiúnta um Chothaíocht Daoine Fásta (€1.54 milliún) agus an Staidéar ar Dhúshlán Meitibileach (€982,362).

Tá an tOllamh Francis Butler, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, i gceannas ar fhoireann UCD laistigh den Institiúid ar thionscadal dar luach €2.3 milliún a fhaigheann maoiniú ó FIRM, dar teideal ‘Bianna Sábháilte agus Sláintiúla’. Le taighdeoirí ó Teagasc, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na Banríona Béal Feirste, Ollscoil Uladh Baile Shiurdáin, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha i dTuaisceart na hÉireann agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, forbróidh an tionscadal clár

monatóireachta agus faireachais do shábháilteacht bia agus sláinte ar oileán na hÉireann.

Tá príomhról ag an Institiúid chomh maith faoin Ollamh Butler i Líonra Measúnaithe Cainníochta Riosca Miocróbach na hÉireann. Is é sprioc an líonra, a fhaigheann maoiniú faoi FIRM (€291,115), ná líonra ildisciplíneach ardchaighdeán de shaineolaithe a fhorbairt, a fhaigheann aitheantas idirnáisiúnta, ar fheidmiú measúnacht cainníochta riosca miocróbach mar uirlis chun tacú le gníomhartha bainistíochta riosca.


Is comhpháirtí ceannasach é Institiúid Bia agus Sláinte UCD de Chomhaontas Taighde Bia agus Sláinte na hÉireann (IFHRA), a bunaíodh chun tiomantas straitéiseach don taighde i réimse bia agus sláinte a stiúradh. Faigheann an IFHRA maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas faoi Thimthriall PRTL 4, agus fuair an Institiúid €1.8 milliún de. Agus é ag obair go dlúth le hinstitiúidí eile ar an oileán a bhfuil baint acu le taighde bia agus sláinte, beidh ról sonrach ag an Institiúid i bhforbairt na hearnála ceathrú leibhéal i dtaighde bia agus sláinte ar oileán na hÉireann.

Le roinnt blianta anuas, reáchtáil an Institiúid an Clár Forbartha do Chéimithe Bia, a maoiníodh faoi FIRM (€500,000). D'fhorbair UCD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Teagasc an clár leis an aidhm oiliúint scileanna a sholáthar do mhic léinn iarchéime agus baill foirne taighde in ollscoileanna agus institiúidí taighde in Éirinn. Tá béim láidir ag modúil ar an gclár seo ar na scileanna atá á gcuardach ag ceannairí san earnáil Agraibhia, an tionscal Bia agus institiúidí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Spriocanna don todhchaí

Ag leanúint ar aghaidh le héiteas ildisciplíneach na hInstitiúide, tosóidh roinnt scoláireachtaí PhD Ad Astra i bhfómhar 2008. I measc na dtéamaí trasdisciplíneacha tá: Staidéar ar Thuiscint agus Thoilteanas Tomhaltóirí íoc as Cothaíocht agus Éilimh Sláinte ar Bhia; Murtall, Gníomhaíocht Fhisiceach agus an Timpeallacht Tógtha; Idirghabhálacha Timpeallachta na hÁite Oibre (Dreapadh Staighre) do Bhainistiú Meáchain agus Sláinte; agus Tomhas Lorg Carbóin Thrádáil Bia na hÉireann. Tá scoláireacht Ad Astra eile faoi shiúl atá ag scrúdú rialachas príobháideach shábháilteacht agus cháilíocht an bhia.

*Íomhá a tógadh le meaisín scanacháin a úsáidfidh ceann de na staidéir i dtionscadal JINGO do thomhas chomhshuíomh coirp lena n-áirítear dlús mianra cnáimhe, mais saille agus mais thrua. Taispeánann an íomhá seo miondealú an dlús mianra cnáimhe i gcodanna sonracha den chorp*





## Institiúid John Hume don Léann Éireannach Domhanda UCD

Ionannaíonn ochtó milliún duine ar fud an domhain iad féin ar dhóigh éigin le hÉirinn agus le hÉireannachas. Leis an gcomhthéacs leathan seo mar chúlra aige, is é aidhm Institiúid John Hume don Léann Éireannach Domhanda UCD ná:

- Dul i ngleic leis an bpobal ilchineálach domhanda seo agus é a fhorbairt mar líonra sóisialta gníomhach de shaoránaigh dhomhanda;
- Dul i ngleic le stair agus todhchaí na hÉireann agus na nÉireannach, chomh maith le hÉirinn agus Éireannaigh an lae inniu;
- Pobal domhanda na hÉireann a ghabháil agus é a mhapáil;
- Treonna nua i staidéar na hÉireann agus na nÉireannach a fhiosrú;
- Torthaí sonracha foghlama ó réimsí téamacha a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna níos leithne mar réiteach coinbhleachta, idirchultúrthacht, imeascadh agus forbairt.

### Dul chun cinn go dtí seo

Chríochnaigh Stiúrthóir na hInstitiúide, an Dr Brian Jackson, in éineacht le príomhimscrúdaitheoirí (Planna) na hInstitiúide, an chéad bhabhta earcaíochta do chomhaltachtaí iardhochtúireachta agus staidéarachtaí PhD faoi Thimthriall PRTL 4 an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá ceithre phost iardhochtúireachta agus seisear mac léinn PhD ag glacadh páirte sa chlár ó Dheireadh Fómhair 2008.

Maoinítear gníomhaíochtaí eile le maoiniú daonchairdiúil agus ó ioncam ginte. Tá óstáil agus rannpháirtíocht i raon ócáidí ina measc, lena n-áirítear iad seo leanas:

- An chéad Fhóram Éireannach Domhanda a tionóladh i Nua-Eabhrac le linn Shamhain 2007 agus a mheall 1,000 rannpháirtí. Ghlac 30 cainteoir ó Éirinn agus na Stáit Aontaithe páirt sa chlár. Beidh an dara fóram ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an 10 Samhain 2008;
- An Chéad Siompóisiam idirnáisiúnta James Joyce. Ba í an tOllamh Anne Fogarty ó Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na

Scannánaíochta UCD a d'eagraigh seo. Chuir an Institiúid maoiniú ar fáil do scoláireachtaí agus sparánachtaí taistil, a chuir ar chumas 20 mac léinn PhD as ar fud an domhain freastal ar ócáid atá le bheith ina hócáid bhliantúil;

- Ceardlann idirnáisiúnta ar Éirinn agus Diaspóra ar ar fhreastail 20 ardacadóir a roghnaíodh go háirithe ó bhallinstitiúidí de chuid Universitas 21;
- Siompóisiam idirnáisiúnta ar Ghlacadh le Talmhaíocht in Éirinn, a d'eagraigh an Dr Graeme Warren, Scoil na Seandálaíochta UCD;
- Dhírigh clár 60ú Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta UCD i mbliana ar an téama *Shared Histories: Plantation, Migration, Integration and the Irish*.

Sheol an Institiúid scéim chomhaltachta Ealaíontóirí Cónaithe chun rannpháirtíocht ina chlár poiblí a chur chun cinn. Ba í an chéad Chomhalta Ealaíne ná an file, an Dr Nessa O'Mahony, a thógfaidh a post i mí Dheireadh Fómhair 2008. Tá a saothair foilsithe agus aistrithe go forleathan agus bronnadh roinnt dámhachtainí agus sparánachtaí idirnáisiúnta uirthi.



Seisiún painéil ón gcéad Fhóram Domhanda Éireannach a tionóladh i Nua-Eabhrac i mí na Samhna 2007 (ó chlé): Niall O'Dowd, Declan Kelly, Don Keough, John Duffy, Loretta Brennan Glucksman, Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady, Denis Kelleher agus David McWilliams

## Institiúid Charles

Is comhpháirtíocht í Institiúid Charles idir Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, ospidéal chleamhnaithe (Ospidéal Ollscoile Naomh Uinsinn agus Ospidéal Ollscoile). Fís na hInstitiúide ná bheith ina ceannródaí domhanda i dtaighde agus oiliúint deirmeolaíochta, as a dtiocfaidh cúram feabhsaithe othair trí aimsiú cóireálacha agus teiripí nua.

Ag seoladh Institiúid Charles tá (ar cúl, ó chlé): Stephen Walsh; an tOllamh Eoin O'Brien (Institiúid Conway UCD); Matthew O'Brien; Gerard Lawler; Thomas Brennan; Pdraig O'Ceabhail; Seamus Kennedy; an tOllamh Bill Powderly (Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD); agus Ciaran Ryan. Chun tosaigh (ó chlé): Oonagh Manning; an tOllamh Des Fitzgerald (Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde); Peter O'Flanagan; Uachtarán UCD an Dr Hugh Brady; Mairín McDonagh-Byrne; agus an Dr Paul Collins



### Gnóthachtálacha tábhachtacha

Sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, Institiúid Charles ar an 13 Meitheamh i dTaighde UCD. Ceapadh bord stiúrthóirí agus tagann sé le chéile gach ráithe chun rialachas a sholáthar don Institiúid. Trí shraith ceardlann sonrach dearáí, chríochnaigh fochoiste tógála an bhoird sceideal tosaigh cóiríochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid réamh-mheasta agus plean tionscadail. Cuireadh fochoiste cliniciúil le chéile chomh maith a mbeidh cruthú de cheangail le haonaid deirmeolaíochta eile in Éirinn agus thar lear mar pháirt dá shainchúram, chomh maith le hoiliúint mac léinn leighis agus altranais i ngnéithe éagsúla na deirmeolaíochta.

### Spricanna don todhchaí

Nuair a chríochnófar an treoir shonrach le haghaidh dhearadh an fhoirgnimh agus nuair a dhéantar leagan amach an fhoirgnimh a shíneadh amach, ligfidh sé sin don chéim shonrach dearaidh tógála tosú mar ullmhú do chead pleanála. Ina theannta sin, beidh an bord ag féachtaint le hOllamh le Deirmeolaíocht Chliniciúil/Stiúrthóir Institiúide a earcú chun bheith i gceannas ar an Institiúid, chomh maith le Coiste Comhairliúchán Idirnáisiúnta a bhunú.

## Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD

Bunaíodh Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach ag UCD le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann mar aitheantas ar chion ríthábhachtach an iar-Uachtaráin William Jefferson Clinton ar son Phróiseas Síochána na hÉireann. Tá an Institiúid tiomanta de dul chun cinn a dhéanamh i dtaighde acadúil agus i bplé poiblí ar na Stáit Aontaithe in Éirinn agus thar lear. Déanann sé dul chun cinn maidir le misean straitéiseach UCD a chlár thaidhde a idirnáisiúnu agus clár thaidhde agus theagaisc ildisciplíneacha a chothú. Is é an tOllamh Liam Kennedy Stiúrthóir na hInstitiúide.

### Dul chun cinn go dtí seo

Le linn na bliana acadúla 2007/08 chuir an Institiúid sceideal gnóthach de sheimineáir taidhde, léachtaí poiblí, shiompóisiamáí agus chomhdhálacha idirnáisiúnta ar fáil. Bhí comhdhálacha ar *Human Rights and Media* (Bealtaine 2008), *Labour History* (Aibreán 2008) san áireamh leis seo, chomh maith le siompóisiamáí ar *Chogaí Vítneam agus na hIaráice* (Samhain 2007) agus *SAM agus Próiseas Síochána Thuaisceart na hÉireann* (Bealtaine 2008). Rinne sé roinnt ócáidí a chomheagrú chomh maith in éineacht le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear siompóisiamáí ar *Contemporary American Culture* ag Ollscoil Warwick (Márta 2008) agus ar *Transnational American Studies* ag an Ollscoil Shaor i mBeirlín (Bealtaine 2008).

Lean an Institiúid ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do thionscadail thiomanta, chomhoibritheacha chun tús a chur lena chultúr taidhde. Ina measc seo bhí tionscadail ar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar Thuaisceart na hÉireann, 1968–2000; Cogadh agus Féiniúlacht Mheiriceá, agus na Gael-Mheiriceánaigh – tionscadail ar bhain scoláirí agus gairmithe Éireannacha agus idirnáisiúnta leo go léir.

Lean na cláir iarchéime leo ag fás, le cláir nua mháistreachta sna Meáin agus Coinbhleacht Idirnáisiúnta tugtha isteach agus méadú ar iontrálaithe PhD. Tá cultúr iarchéime na hInstitiúide ceangailte go dlúth le líonraí idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí taidhde. Le linn Iúil 2008, thug dara Scoil Samhraidh Institiúid Clinton scoláirí agus mic léinn dochtúireachta le chéile as gach cuid den Eoraip agus Stáit Aontaithe Mheiriceá chun saincheistean reatha ag baint le staidéar ar SAM a phlé.

Le linn mhí na Samhna 2007, bronnadh deontas IRCHSS (€300,000) ar an Ollamh Kennedy chun tacaíocht a thabhairt do thionscadal taidhde trí bliana ar ghrianghrafadóireacht agus coinbhleacht



An tAmbasadóir Kathleen Stephens, an Feisire Peter King agus David Byrne SC ag an bhFóram ar an bPróiseas Síochána i bhFoigrneamh Capitol Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí Bealtaine

idirnáisiúnta. Ceapadh comhalta iardhochtúireachta chun tacaíocht a thabhairt don tionscadal.

I mí Bealtaine 2008, rinne an Institiúid Fóram ar an bPróiseas Síochána a chomhóstáil i bhFoigrneamh Capitol in Washington. Bhí an ócáid chomórtha 10 mbliana ag ceiliúradh Chomhaontas Aoine an Chéasta agus chruinnigh sé le chéile rannpháirtithe ó Chomhdháil na Stát Aontaithe, an White House agus grúpaí neamh-rialachais chun plé a dhéanamh ar na ceachtanna ar féidir iad a fhoghlaim faoi idirghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí seo mar shamhail do réiteach coinbhleachta sa domhan i gcoitinne.

### Spríocanna don todhchaí

Leanfaidh Institiúid Clinton UCD ar aghaidh ag tógáil a chlár iarchéime agus taidhde. Is é a bheidh i gceist leis seo ná:

- A chlár iarchéime agus taidhde a chomhtháthú chun próifíl idirnáisiúnta na hInstitiúide, a fhoireann teagaisc agus a mhic léinn a fheabhsú;
- Dul sa tóir ar dheiseanna maoinúcháin náisiúnta agus Eorpacha chun tacú le tionscadail taidhde, agus comhpháirtíochtaí nua maoinúcháin a chothú le hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun tacú le cláir chultúrtha agus fhor-rochtain;
- Comhoibriú idirnáisiúnta le hionaid bharr feabhais sa Léann Meiriceánach a chur chun cinn, trí thionscadail taidhde chomhoibritheacha, Scoil Samhraidh na hInstitiúide agus malairtí i measc mac léinn iarchéime.

## Institiúid na hÉireann don Léann Síneach

Seoladh Institiúid na hÉireann don Léann Síneach go hoifigiúil ar an 26 Meán Fómhair 2006 le Leas-Príomhaire na Síne, Zeng Peiyan, tar éis tréimhse forbartha tosaigh nuair a tugadh Ionad an Léinn Shínigh UCD air. Tá an Institiúid Confucius UCD bunaithe san Institiúid na hÉireann don Léann Síneach. Is é an tOllamh Dr Liming Wang Stiúrthóir na dhá hInstitiúidí.

Tá sé mar aidhm ag an Institiúid ceangail oideachais, chultúrtha agus ghnó níos láidre a chruthú idir Éirinn agus an tSín, agus ina thaobh sin tá na príomhspríocanna seo a leanas ag an Institiúid:

- Earcaíocht mhéadaithe ar mhic léinn Shíneacha go UCD trí chlár chomhpháirtíochta;
- Bealaí céime sa Léann Síneach do mhic léinn sa bhaile a chruthú agus a sheachadadh;
- Próifíl idirnáisiúnta taighde sa Léann Síneach a fhorbairt;
- Ceangail eacnamaíocha agus chultúrtha Éireannacha-Síneacha a éascú;
- Seirbhísí comhairliúcháin ghairmiúla don rialtas agus do ghnó.

### Dul chun cinn go dtí seo

Tharla méadú ar earcaíocht na mac léinn Síneach go UCD, tríd is tríd, le linn na bliana acadúla 2007/08, agus ag an am céanna lean an t-éileamh ar áiteanna ar an gclár bunchéime BComm le Léann Síneach ó mhic léinn sa tír seo ag méadú leis. Sna cúig bliana roimh 2006, earcaíodh níos lú ná 20 mac léinn sa bhliain go UCD ón tSín; i 2008, bhí na figiúirí seo ardaithe go 100. Chuir mic léinn na tíre seo 159 iarratas isteach ar 14 áit ar an gclár BComm le Léann Síneach sa bhliain 2006/07, 223 iarratas ar 19 áit sa bhliain 2007/08, agus tá 21 áit bronnta as 260 iarratas ar chlár 2008/09. Forbraíodh dhá chroímodúl agus modúl roghnach déag don chlár seo.

D'fhorbair an Institiúid clár nua staidéir réamh-mháistreachta atá le tosú sa bhliain 2008/09. Is réiteach nuálaíoch é an clár staidéir réamh-mháistreachta ar an dúshlán a bhain le céimithe ardchaighdeán Síneacha a earcú agus a ullmhú do chúrsaí iarchéime ag UCD: déanfaidh 20 mac léinn bunchéime ón mbliain dheireanach i dtír ollscoil chomhpháirtíochta Shíneacha freastail ar an gcúrsa Staidéir Réamh-mháistreachta, lena n-áirítear trí mhodúl na bliana deireanaí bunchéime ina dara seimeastar sa Dlí nó sa Ghnó, réimsí ábhar bhliain phiolótach an chlár. Tá an clár Staidéir Réamh-mháistreachta sa cheathrú bliain de shamhail 3+1+1 ina gcaitheann mic léinn trí bliana ina n-ollscoil Shíneach agus dhá bhliain i UCD, ag caitheamh an bhliain dheireanach ag déanamh cúrsa máistreachta. Is toradh ar chomhaontais idir UCD agus a ollscoileanna

comhpháirtíochta sa tSín é an clár, chomh maith le comhaontais laistigh de UCD féin idir an Institiúid agus na Scoileanna rannphárteacha.

Thug bunú na Scéime Scoláireachta UCD–CSS (Comhairle Scoláireachta na Síne), trí chomhiarrachtaí na hInstitiúide agus Staidéir Iarchéime UCD, 10 scoláire PhD go UCD. Cuireadh comh-mhaoirseacht ar na gclár taighde PhD i bhfeidhm idir an Institiúid agus na Scoileanna Dlí agus Gnó.

Chun riachtanais ghnóthaí Éireannacha sa tSín a ainmniú agus a chomhlíonadh, rinne an Institiúid *Suirbhé Náisiúnta ar Ghnólachtaí agus Cuideachtaí in Éirinn ar an ngá atá le Tacaíocht agus Saineolas i nGnó na Síne, agus Oilíúint i dTeanga agus i gCultúr na Síne*. Tá na comharthaí luatha ón taighde seo an-dearfach.

### Spríocanna don todhchaí

- Leathnú ar bhealaí bunchéime agus iarchéime sa Léann Síneach i gcomhpháirtíocht le scoileanna bainteacha i UCD;
- Leathnú ar an gClár Staidéir Réamh-Mháistreachta mar chlár friothálach i réimsí ábhar eile;
- Dul sa tóir ar dheiseanna maoiniúcháin i dtreo foirgneamh nua a bhaint amach don Institiúid i UCD;
- Tuilleadh taighde a dhéanamh ag leibhéal dochtúireachta agus iar-dhochtúireachta ar



bhonn níos leithne de shaincheisteanna bunaithe ar an tSín;

- Níos mó gleice le lucht déanta beartas, ag cur fianaise taighde ó bhunfhoinsé ar fáil chun tionchar a bhaint amach ar chinntí maidir le polasaí;
- Níos mó comhoibríthe idirnáisiúnta a chur chun cinn chomh maith le feasacht ar theanga agus ar chultúr na Síne in Éirinn;

- Saineolas agus seirbhísí a sholáthar do na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon i dtreo na gceangal eacnamaíocha a dhaingniú agus caidrimh idir Éirinn agus an tSín a fheabhsú;
- Forbairt leanúnach ar chláir ócáidí agus ar chláir for-rochtana shamhaltacha agus spreagúla a fheabhsóidh tuiscint ar idirchultúrthacht agus gníomhaíocht idirchultúrtha in Éirinn.

## Ceiliúrann ealaíontóirí cultúrtha An Bhliain Nua Shíneach ag UCD

Chothaigh Institiúid na hÉireann don Léann Síneach agus Institiúid Confucius UCD an traidisiún nua maidir le Féile bhliantúil an Earraigh agus Mórthaibhí na Bliana Nua Síne a tionóladh i Halla O'Reilly UCD i mí Feabhra 2008. Bhí níos mó éilimh ar cheiliúradh Bhliain an Francaigh fiú ná bhí ar Cheoldráma mórthaibhseach Bhéising 2007. Bhí thart ar 1,000 de lucht féachana faoi dhraíocht ag Compántas Ceoldrámaíochta Chengdu, ar thug a ealaíontóirí togha mórthaispeántais de dhamhsa, scáileanna láimhe, aeraclaíocht agus canadh. Thug Compántas Puipéid Scáile Bailing Béising, na léiritheoirí gairmiúla deireanacha den fhoirm ársa ealaíne seo ar domhan, taibhiú aoibhinn chomh maith.



Grianghraf ar chlé: Taibheoir ó Chompántas Puipéid Scáile Bailing Bhéising. Grianghraf ar dheis: Liu Yi ón gCompántas Ceoldrámaíochta Sichuan (sa chúlra) agus Yang Hong ón gCompántas Ceoldrámaíochta Chengdu ag Institiúid Confucius do Cheiliúradh Bhliain Nua Shíneach na hÉireann i UCD

## Fondúireacht Mhíchil Uí Chléirigh UCD

Tá misean Fhondúireacht Mhíchil Uí Chléirigh déanta suas de thrí phríomhshnáithe:

- Na lámhscríbhinní agus leabhair a chuir Proinsiasaigh na hÉireann faoi chúram UCD a chaomhnú, a choimeád agus a bhainistiú trí chatalógú, dhigitiú agus choimeádaíocht agus athchóiriú saineolaíoch;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chlár taighde i stair agus sibhialtacht na hÉireann trí sheimineáir sheachtainiúla, chomhdhála rialta agus fhoilseacháin;
- Glúin nua scoláirí tiomnaithe a spreagadh trí chomhaltachtaí PhD agus iardhochtúireachta a sholáthar agus trí fhorbairt mórtionscadail.

Is é an Dr John McCafferty Stiúrthóir na hInstitiúide.

### Dul chun cinn go dtí seo

Leathnaigh obair agus próifil na Fondúireachta go mór le linn 2007/08. Idir Meán Fómhair agus Nollaig 2007, rinneadh ceiliúradh 400 bliain Lováin a chomóradh le roinnt ócáidí poiblí ardphróifíle. Ina measc seo bhí mórthaispeántais d'ábhair Phroinsiasacha agus ábhair bhainteacha a cuireadh ar taispeánt go poiblí den chéad uair riamh i gcomhar le hIarsmalann Hunt i Luimneach (airgead Proinsiasach ó iardheisceart na hÉireann), Waterford Treasures (páipéir Wadding) agus An Leabharlann Náisiúnta (dialann Thadhg Uí Chianáin ar Theitheadh na nIarlaí).

Gléasadh taispeántas de chailísí Proinsiasacha, a athaimsíodh mar thoradh ar thionscadal Fhondúireacht Mhíchil Uí Chléirigh UCD ar chultúr maoiné na n-ord déirce a fuair maoiniúchán ón IRCHSS, in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla agus Stair, Dún Uí Choileáin, agus tá sé ar siúl faoi láthair. Mheall taispeántas comhoibríteach dar teideal *Writing Irish history: the Four Masters and their World*, lena raibh Fondúireacht Mhíchil Uí Chléirigh UCD, Acadamh Ríoga na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath i gceist, níos mó ná 80,000 duine.

Le linn Bhealtaine 2008, tionóladh an Dara Scoil Samhraidh Bhliantúil Mhíchil Uí Chléirigh i Leuven ar théama imirce agus deoraíochta. B'ócáid nua é seo mar gur thug sé staraithe, teangeolaithe, oifigigh stáit agus socheolaithe ó Éirinn agus ón Eoraip le chéile go rathúil chun scrúdú a dhéanamh ar choincheapa agus shaincheisteanna ag baint le himirce na linne seo agus imirce stairiúil.

Lean an Institiúid ar aghaidh ag tionóladh seimineáir sheachtainiúla ar gach gné de stair, theanga agus litríocht na hÉireann. Cuireadh tús le lá faoi leith tiomnaithe do staidéir dhomhanda Phroinsiasacha agus le próifiliú ar thionscadail



éagsúla na hInstitiúide i dtreo a próifil idirnáisiúnta a fheabhsú.

Lean an Institiúid ar aghaidh, i bpáirt le Cartlanna UCD, lena clár maidir le caomhnú agus catalógú lámhscríbhinní agus leabhair na bProinsiasach. Tá comhalta iardhochtúireachta ag obair go lánaimseartha ar chatalóg leictreonach na lámhscríbhinní D ('Páipéir Wadding') atá á gcaomhnú go leanúnach le maoiniú ón gComhairle Oidhreachta. Tá leabhair ó bhailiúchán na bProinsiasach á gcatalogú faoi láthair ag sainchomhairleoir i gcomhar le Bailiúchán Speisialta UCD. Tá na lámhscríbhinní C ('Páipéir Louvain') á liostáil chomh maith sula mbogann siad ó Leabharlann na bProinsiasach Chill Iníon Léinín go Cartlanna UCD.

Tionscnaíodh tionscadal nua a fhaigheann maoiniú ó chlár INSTAR na Comhairle Oidhreachta ar Éire a Mhapáil: bás agus adhlacadh in Éirinn ón gcéad go dtí an 8ú céad AD agus ceapadh comhalta iardhochtúireachta chun tabhairt faoin taighde.

### Spriocanna don todhchaí

San áireamh le plean na hInstitiúide do 2008/09 tá forbairt na dtionscadal leabhar nua lena bhfuil catalógú agus bainistiú leabhar i gceist i gCill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath agus i mainistreacha ar fud na hÉireann. Tá tosú ar thionscadal leabharlainne stairiúil i gceist leis seo chomh maith i bpáirt leis an Katholieke Universiteit Leuven, Ollscoil Antwerp agus Iarsmalann Plantin-Mortuus, Antwerp.

*Psalter of Caimín.*  
Fuarthas an íomhá seo le caoinchead ón gcomhpháirtíocht UCD-OFM atá coinnithe i gcartlanna UCD



## Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD

Cuireadh Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD ar bun faoi stiúir an Ollaimh Colin Boreham. Na haidhmeanna atá ag an Institiúid, tríd is tríd, ná cothú a dhéanamh ar ghleacaíocht don tsláinte agus barr feabhais sa spórt do mhuintir na hÉireann. Bainfidh an Institiúid na haidhmeanna sin amach trí raon gníomhaíochtaí – ina measc teagasc, taighde agus soláthar seirbhíse. Feidhmíonn an Institiúid de réir na bprionsabal seo a leanas:

- Seirbhísí teagasc agus for-rochtana den chéad scoth a sholáthar;
- A dícheall a dhéanamh bheith ag tús cadhnaíochta ó thaobh an taighde ar eolaíocht an spóirt de.

### Dul chun cinn go dtí seo

Cé go bhfuil an Institiúid Spóirt agus Sláinte go fóill sna céimeanna luatha forbartha, rinneadh dul chun cinn suntasach le bliain anuas. Tá Saotharlann Cruithchaithe Daonna lánfheidhmeach anois aige ina fhoirgneamh Newstead, le trealamh den scoth do thomhas fiseolaíoch d'inniúlacht aclaíochta agus paraiméadair sláinte bhainteacha. Ina measc seo tá scanadh DEXA (stádas cnáimhe agus comhshuíomh coirp), dinimiméadracht isicinéiteach (láidreacht agus cumhacht na matán), muilte coise móra agus eirgiméadair rothair le coscáin leictreonacha (cumas oibre), 'Portapres' (airíonna artaireacha agus inathraitheacht croíráta) agus 'Bod Pod' (céatadán shaill coirp).

Ceapadh bainisteoir saotharlainne, Romain Denis, ó Ollscoil Brunel, agus tá an tsaotharlann ag óstáil roinnt tionscadal comhoibritheach, lena n-áirítear spreagadh leictreach de mhatáin chun meáchan a chailleadh (an Dr Brian Caulfield/BMR Ltd), corpachmhainn fheidhmeach i ndaoine aosta (An tOllamh Mike Gibney, Institiúid Bia agus Sláinte UCD) agus an tionchar atá ag searradh ar láidreacht na matán (an tOllamh Philip Newsholme, Conway UCD).

I measc na gceapachán eile bhí an Dr Chris Lonsdale, síceolaí spóirt atá ag teacht go UCD ó Ollscoil na Síne Hong Cong. Tá an Dr Lonsdale ag tógáil poist ar leith, a fhaigheann cómhaoiniú ó Aontas Peil Rugbaí na hÉireann (APRÉ) chun seirbhísí spóirt a fhorbairt don APRÉ, chomh maith le teagasc agus taighde don ollscoil. Le bliain anuas, ceapadh an tOllamh Boreham mar Chathaoirleach ar Choiste Creidiúnaithe Institiúid Spóirt na hÉireann agus ceapadh an tOllamh De Vito ar an gcoiste seo chomh maith. Ina theannta sin, toghadh an tOllamh de Vito mar Chomhalta na dáimhe Leighis Spóirt agus Aclaíochta.

Rinne an Institiúid óstáil ar bheirt aoi-acadóirí le linn na bliana (an Dr Geir Resaland, Osló agus Nienke Wijnstok, Amstardam), agus thug

an tOllamh Jos Twisk agus an tOllamh Willem van Mechelen (Amstardam) cuairteanna chun tionscadail chomhoibritheacha a phlé. Thionóil seisear ball foirne déag as Scoil Oideachais Fhísicigh na hIorua a seimineár taighde bliantúil san Institiúid, agus thug an tOllamh ar Cuairt David Goldspink agus a dheartháir oiric, an tOllamh Geoffrey Goldspink, cainteanna taighde.

Bronnadh deontais taighde ón mBord Taighde Sláinte (an Dr Deirdre Hurley-Osing) agus Institiúid Spóirt na hÉireann (an tOllamh Boreham agus an tOllamh De Vito), chomh maith le dhá staidéarachtaí IRCSET agus dhá staidéarachtaí Ad Astra.

### Spríocanna don todhchaí

aghaidh ag leathnú a gníomhaíochtaí agus a cumas ina príomhréimsí oibríochta. Tá iarratais ar dheontais taighde curtha isteach nó beartaithe a chur isteach chuig an mBord Taighde Sláinte, Snáithe 3, FP7 agus foinsí inmheánacha mar thionscnamh Taighde Straitéiseach Choláiste na nEolaíochtaí Beatha. Déanfar naisc taighde chomhoibritheacha inmheánacha agus sheachtracha lena n-áirítear iad sin le Bologna, Amstardam, Maastricht, Vín, Ollscoil Luimnigh, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Ollscoil Uladh) a dhaingniú agus ceapfar ar a laghad ollamh amháin de sheasamh idirnáisiúnta. Déanfar naisc inmheánacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a threisiú, go háirithe le Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD agus déanfaidh clár téamach PhD in Aclaíocht agus Sláinte suíomh an ábhair seo mar phríomhthéama taighde i gColáiste na nEolaíochtaí Beatha a chomhlánú. Beidh príomhról go fóill ag an Institiúid agus a foireann maidir le taighde agus saineolas scoláireachta a aistriú go hobair na gcoistí inmheánacha agus seachtracha agus forais chinnteoireachta a bhfuil baint acu le spórt agus sláinte.

## Ionad do Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach (CSCB)

Is comhoibriú sna heolaíochtaí ceimiceacha idir UCD, Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn é an tIonad do Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach (CSCB). Is é a mhisean ná eolas, sláinte, agus dul chun cinn eacnamaíochta a chothú chun bunachar acmhainní taighde agus oideachais na tíre a shaibhriú agus chun forbairt na dtionscal cógaisíochta in Éirinn a éascú. Is an tOllamh Pat Guiry Stiúrthóir na hInstitiúide. Is é aidhm an CSCB ná:

- Dul chun cinn a dhéanamh sna heolaíochtaí ceimiceacha sintéise agus sa bhitheolaíocht cheimiceach;
- Mais chriticiúil de thaighdeoirí sna heolaíochtaí ceimiceacha a thabhairt le chéile den chéad uair in Éirinn;
- Fónamh mar acmhainn náisiúnta i sintéis agus sa bhitheolaíocht cheimiceach do thaighdeoirí i saol na hacadúlachta agus i dtionscail;
- Tionscal cógaisíochta na hÉireann a bhreoslú, forbairt earnáil chógaisíochta dhúchasach a luathú agus taighde agus forbairt cógaisíochta a mhealladh go hÉirinn.

### Dul chun cinn go dtí seo

I 2007/08, bhronn an CSCB céimeanna ar bheagnach 30 mac léinn PhD, d'fhoilsigh sé 150 alt in iriséain phiar-athbhreithnithe, thug sé 145 léacht ar chuiridh agus cur i láthair póstaer agus bronnadh níos mó ná €9.5 milliún de mhaoiniú seachtrach air. Cláraíodh sé nochtadh aireagán, comhaontú ceadúnais amháin agus seacht bpaitinn.

Seoladh clár téamach iarchéime sna heolaíochtaí (Bith)chógaisíochta agus Cógaiseolaíochta, a fuair maoiniú ó Thimthriall PRTL 4 an Údarais um Ard-Oideachas i gcomhar le comhghleacaithe i gColáiste na Tríonóide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, i UCD.

I measc na n-ócáidí a d'óstáil an CSCB bhí:

- Siompóisiam Bernal ar *Chriostalú Próitéin*, Meán Fómhair 2007 i UCD;
- An chéad chruinniú d'Institiúid na hÉireann um Dhrugaí Miotalbhunaithe, Meán Fómhair 2007 i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn;
- Dul chun cinn le gairid i Sintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach VI, Nollaig 2007;
- Siompóisiam RSC – *Chemistry and Cancer*, Feabhra 2008;
- Tríú Chomhdháil Cheimiceacha *Flash* an ERA, Márta 2008;
- Siompóisiam Idirnáisiúnta Néar-imdhíoneolaíochta, Márta 2008;
- An Ceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid an SBE ar Bhithinnealtóireacht agus Nainteicneolaíocht, Iúil 2008 i UCD.

### Gnóthachtálacha tábhachtacha

Tionóladh an séú siompóisiam bliantúil de chuid an CSCB *Recent Advances in Synthesis and Chemical Biology VI* i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ar an 14 Nollaig 2007. D'éist 200 toscaire le léachtaí iomlánacha ó sheisear aoichainteoirí oirirce, ag cur síos ar thaighde reatha ag an teorainn idir ceimic agus bitheolaíocht.

Tionóladh comhdháil bliantúil Bristol Association for Crystal Growth (BACG) 2007, comhchruinniú leis an Irish Association for Crystal Growth (IACG), i UCD le linn Mheán Fómhair.

Tionóladh an chéad chruinniú d'Institiúid na hÉireann um Dhrugaí Miotalbhunaithe i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn ar 20 Meán Fómhair 2007, leis an Ollamh Kevin B. Nolan, CSCB agus gColáiste Ríoga na Máinleá, mar chathaoirleach.

### Spríocanna don todhchaí

Leanfaidh an CSCB ar aghaidh ag iarraidh na spríocanna straitéiseacha, taighde agus foghlama a leagadh amach nuair a tionscnaíodh é a bhaint amach trí fhéachaint leis na rudaí seo leanas dhéanamh:

- Dearadh na céime nua BSc i gCeimic an Leighis agus Bitheolaíocht Cheimiceach, a tosaíodh lena chéad iontráilithe i Meán Fómhair 2007, a chríochnú;
- Eolaíochtaí Bithchógaisíochta a fhorbairt mar shnáithe nua gníomhaíochtaí le maoiniú faoi Thimthriall 4 PRTL an Údarais um Ard-Oideachas;
- An clár for-rochtana Science@CSCB a leathnú chun tuilleadh cuairteanna ó mhic léinn a múinteoirí a chur san áireamh.

## Leigheas Móilíneach Éireann (MMI)

Ar an 17 Aibreán 2007, d'athraigh Ionad Leighis Mhóilínigh Bhaile Átha Cliath (DMMC) go Leigheas Móilíneach Éireann (MMI) nuair a cuireadh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le comhpháirtithe an DMMC, UCD, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Is cuideachta sheachbhrabúsach é MMI a bhunaigh a hinstiúidí comhpháirtíochta chun a spriocanna coitianta a bhaint amach maidir le haistriú taighde eolaíochta go torthaí ar chaighdeán níos fearr d'othair a luathú. Is í an Dr Ruth Barrington an Príomhfheidhmeannach.



### Gnóthachtálacha tábhachtacha

Chomhordaigh Leigheas Móilíneach Éireann iarratas rathúil, faoi cheannas an Dr Peter Doran, Stiúrthóir Ionad Taighde Cliniceach UCD thar ceann comhinstiúidí MMI agus i bpáirt le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, chun bithbhanc rialacháin de shamplaí folláine deonacha Éireannacha a bhunú, GeneLibrary Ireland. Tháinig Ollscoil Uladh isteach sa chuibhreannas ó shin. Táthar ag dréim go gcoinneoidh bithbhanc GeneLibrary Ireland samplaí DNA agus fola ó níos mó ná 10,000 deonaí ar fud na hÉireann, chomh maith le torthaí ó scrúdú sonracha leighis agus eolas ar stíl bheatha agus timpeallacht. Ligfidh forbairt GeneLibrary Ireland do thaighdeoirí scrúdú a dhéanamh ar an ról atá ag géin éagsúla i ngalair agus próisis sláinte, ar an dóigh seo ag cur feabhas ar shláinte.

Tá MMI, leis an Dr Peter Doran, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, ag glacadh páirte sa líonra uile-Eorpach Infreastruchtúr Taighde Bithbhancáil agus Acmhainní Bithmhóilíní chun a chinntiú gur féidir le taighdeoirí Éireannacha tairbhe a bhaint as líonra na mbithbhanc san Eoraip agus go bhforbrófar GeneLibrary Ireland de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.

Faoi cheannas an Ollaimh William Watson, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis, tá MMI ag éascú fabhrú Chuibhreannais Taighde Ailse Phróstatach ó líonra trasinstiúidí ar fud chathair Bhaile Átha Cliath go hacmhainn náisiúnta, lena mbeidh baint ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh,

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus a n-ospidéal chleamhnaithe.

Le linn mhí an Mheithimh 2006, d'éirigh le tairiscint DMMC ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, UCD agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn infheistiú de roinnt mhilliún euro a fháil ón Wellcome Trust agus an Bord Taighde Sláinte d'Ionad Bhaile Átha Cliath um Thaighde Cliniceach (DCCR). Soláthroidh DCCR an t-infreastruchtúr do thaighde cliniciúil i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear líonra teicneolaíochta faisnéise taighde ar fud na cathrach agus clár oiliúna d'altraí taighde.

Níos luaithe i mbliana, ceapadh Jeremy Towns mar Bhainisteoir Cláir don DCCR, agus tá struchtúir bhainistíochta, ar a bhfuil an tOllamh Michael Keane, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, ag déanamh ionadaíochta ar UCD, anois i bhfeidhm chun tacú le réimse de ghrúpaí galair/taighde le hionadaí as ar fud na cathrach. I rith an tsamhraidh, thosaigh grúpaí galair i nDiaibéiteas agus Fibróis Scamhógach ag obair ar thionscadail taighde cliniciúil cathracha. Táthar ag súil le cead pleanála d'áis nua don taighde cliniciúil ag Ospidéal San Séamas i Meán Fómhair 2008 agus déanfaidh coimisiún na háise seo sa bhliain 2010 an líonra d'áiseanna taighde cliniciúil, a bhfuil siad sin in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae agus Ospidéal Ollscoil Uinsinn san áireamh leis, a chomhlánú.

Tógann cúrsaí agus ceardlanna MMI ar láidreachtaí chúig phríomhinstiúidí acadúla agus ospidéal teagaisc chleamhnaithe. Soláthraíonn siad bealach struchtúrtha, a bhfuil rochtain éasca air, do mhic léinn iarchéime agus baill foirne a scileanna agus a n-oiliúint sna heolaíochtaí bitheacha a fhorbairt, le béim mhór ar thaighde aistritheach. I measc bhuaicphointí na tréimhse seo bhí réachtáil an chúrsa Móilíní go Leighis den dara huair, i gcomhpháirtíocht le Wyeth agus réachtáil an chúrsa i dTeicnící agus Straitéisí sa Leigheas Móilíneach den cheathrú huair.

Ag seoladh LMÉ tá (ar cúl, ó chlé): an Dr Ruth Barrington (POF, LMÉ); Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady; an Dr John Hegarty (Propast, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath); an Dr Michael Murphy (Uachtarán, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh); an tUasal Michael Horgan (POF/Cláraitheoir, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn). (Chun tosaigh, ó chlé): an Dr Pat Morgan (Déan an Léinn Iarchéime, Ollscoil na hÉireann Gaillimh); an Dr Michael Kamarck (Cathaoirleach, LMÉ); agus Mary Hanafin, Iar-Aire Oideachais agus Eolaíochta

## Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (INTD)

Bhunaigh cuibhreannas d'institiúidí tríú leibhéal (UCD, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Eolaíochta Dhún Laoghaire agus NCAD) an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach sa bhliain 2006 le tacaíocht ón Roinn Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Náidúrtha, agus feidhmíonn sé mar ionad barr feabhais seachbhrabúsach neamhspleách. Tugann taighde feidhmeach teicneolaíochta digítí an NDRC tacaíocht don tionscal digiteach atá ag teacht amach in Éirinn, ag dúnadh na bearna idir taighde nuálaíoch agus an margadh. Tá comhoibriú, bunaithe ar fhoirne tionscadail ildisciplíneacha agus ilpháirtíochta, ag croílár éiteas agus mhisean réiteach-dhírthe NDRC. Is é Ben Hurley POF an Ionaid.

### Dul chun cinn go dtí seo

D'earcaigh NDRC roinnt príomhbhall le linn na tréimhse, lena n-áirítear beirt Cheannairí sa Thaighde Aistritheach (Kevin Jennings agus Kevin Smith) ar ionann iad agus Príomhimscrúdaitheoirí agus tá siad dearscnaitheach siocair a mbéime láidre ar bhaint amach glacadh luath le teicneolaíocht nuálaíoch sa mhargadh. Earcaíodh anailísithe gnó (Daniel Crowley, Majella Murphy agus Kathryn Parkes) chomh maith chun oibriú le foirne tionscadail, ag díriú go háirithe ar shamhaltú gnó agus taighde margaidh.

Sheol NDRC trí ghairm ar Chur in Iúl Suime i dThaighde Aistritheach Comhoibritheach i dTeicneolaíochtaí Digiteacha. Agus iad ag díriú ar chuideachtaí acadúla, cuideachtaí na hearnála próbhaidí agus cuideachtaí sóisialta, mheall gach

gairm níos mó freagraí, ag cruthú bunachair láidir as ar féidir tionscadail a roghnú.

### Spríocanna don todhchaí

Tugadh comhaontais chonartha chun críche le roinnt tionscadail agus tá siad seo le tosú gan mhoill. Féachfaidh tionscadal amháin dá leithéid, LiDAR, a chuir an Dr Debra Laefer, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD, isteach, ar mhodhanna nua chun íomhánna cianbhraite agus néalta pointe LiDAR a léiriú, a shamhaltú, a léirmhíniú agus mianadóireacht sonraí a dhéanamh orthu do ghlúin nua de shamhaltú cathrach innealtóireacht-chumasaithe. Cruthóidh tionscadal eile, Inside Out, ag díriú ar réimse na feasachta sláinte agus murtall óige, modúl spreagúil cluichí foghlama do leanaí, ag cur ar a gcumas tuiscint a fhorbairt maidir leis an corp daonna agus sláinte.

*Neasach an Chomórtais Images of Research 2008 - 'Point of Reduction', a chruthaigh Triona Nicholl, Scoil na Seandálaíochta UCD*





## An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT)

Is cuibhreannas an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála idir UCD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus IT Shligigh arna mhaoiniú ag an ÚFT agus an misean atá aici ná tacú le tionscal bithphróiseála na hÉireann ach réitigh oiliúna agus taighde den chéad scoth a sholáthar in áiseanna úrscothacha.

### Dul chun cinn go dtí seo

Le 12 mhí anuas rinne NIBRT dul chun cinn suntasach, mar ar fhaomh an ÚFT agus an rialtas Togra Chéim 2 NIBRT.

I mí Aibreáin 2008, ceapadh an Dr Maurice Treacy ina POF ar NIBRT. Bhí an Dr Treacy ag obair le FEÉ sular thosaigh sé le NIBRT, áit a raibh sé ina Stiúrthóir ar Eolaíochtaí Beatha. Iomlánaíodh foireann ardbhainistíochta NIBRT le ceapachán an Dr Ian Nelligan i mí Bealtaine 2008 mar Stiúrthóir Oiliúna NIBRT. Tháinig an Dr Nelligan chun oibre le NIBRT ó Wyeth áit a riabh sé ina Chomhstiúrthóir ar Oibríochtaí Teicniúla.

I mí Bealtaine 2008, d'fhógair NIBRT comhoibriú taighde le mórchuideachta chógaisíochta Eli Lilly i SAM. Díreoidh an chomhpháirtíocht taighde seo, leis an Ollamh Pauline Rudd agus le Saotharlann Ghlicibhitheolaíochta Bhaile Átha Cliath-Oxford in Institiúid Conway UCD, ar tháirgí bitheolaíochta a ghlicealú. De bhreis air sin, d'fhorbair NIBRT cláir thaighde le cuideachtaí cógaisíochta dála Organon, Schering Plough, Astellas, Shire agus Merck Serono.

Bunaíodh an rath a bhí ar NIBRT i gcomhoibriú taighde a fhorbairt le tionscail ar an ardán taighde den scoth atá aige, a fuair aitheantas dá fheabhais nuair a glacadh le hiarratais ar dheontais ó na foinsí seo a leanas Creat 7 an AE, Cancer Research Ireland, Fiontraíocht Éireann agus FEÉ.

Shínigh NIBRT conarthaí freisin chun réitigh shainoiriúnaithe phraiticiúla oiliúna a thabhairt don



*Iomhá ríomhaireachta den áis nua INTOB atá beartaithe do champas Belfield*

tionscal bithchógaisíochta, lena n-áirítear Pfizer, Eli Lilly agus Wyeth. Mar chuid den oiliúint seo tá clár oideachais acadúil NIBRT agus go háirithe an rath leanúnach atá ar an MEngSc san Innealtóireacht Bhithchógaisíochta i UCD.

Tugadh cead pleanála iomlán do NIBRT don áis atá beartaithe aige ar champas Belfield, ag bealach isteach Ascaill Ghort na Mine. Tá an próiseas tairisceana Eorpach do dheardh na háise i gcrích anois. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an tógáil in earrach 2009 agus go mbeidh an foirgneamh ag feidhmiú go hiomlán i bhfómhar 2010. Cuirfidh foirgneamh NIBRT áiseanna úrscothacha taighde agus oiliúna ar fáil, monarcha phiólótach bhithphróiseála san áireamh.

Ar na nithe a chuir le rath NIBRT bhí a chomhpháirtíochtaí lena chomhghleacaithe in Institiúidí Ardoideachais (IAO). I mí Aibreáin 2008, thacaigh NIBRT le seoladh GlycoSciences Ireland, tionscnamh uile-oileáin d'fhonn pobal eolaíochta dinimiciúil a chruthú idir na páirtithe leasmhara tionsclaíochta agus acadúla.

### Luath-aimsiú ailse

D'éirigh le foireann taighde ó Shaotharlann Ghlicibhitheolaíochta Bhaile Átha Cliath-Oxford teacht ar chóras a chuideoidh le 'bithchomharthaí sóirt' féideartha a shainaithint a chuireann in iúl go bhfuil luathchineálacha ailse ar dhuine. Bhain na taighdeoirí é seo amach ach breathnú ar struchtúir i móilíní sainiúla i siúcra, atá ceangailte le próitéin atá cruthaithe ag ailse nó le próitéin a chruthaíonn an corp mar fhreagra ar an ailse. Mhínigh an tOllamh Pauline Rudd gur tugadh faoi deardh go raibh athruithe sna siúcraí atá ceangailte le próitéin sa séiream fola i ngach cineál ailse ar bhreathnaigh siad orthu, agus go bhfuil an chuma ar an scéal gur luath-chomharthaí sóirt iad go bhfuil an galar ar dhuine. De bhreis air sin, dúirt sí gur éirigh leo athraithaigh siúcra-nasctha de phróitéin áirithe a aithint atá bainteach le cineálacha éagsúla ailse – ina measc ailse phróstatach, ailse phaincréasach, ailse ubhagánach agus ailse chíche.

## Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL)

Is éard atá san Ionad TRIL ná comhoibriú idir páirtithe tionsclaíochta agus acadúla lena n-áirítear UCD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Intel d'fhonn teicneolaíochtaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar shaol daoine atá ag dul in aois. Tá saotharlanna tiomnaithe ag an Ionad ag Intel agus i ngach ollscoil bhainteach. Is iad an tOllamh Paddy Nixon ó UCD agus an Dr Terry Dishongh ó Intel stiúrthóirí an Ionaid. Tá an tOllamh Nixon ina Phríomhthaighdeoir freisin ar an Ardán Teicneolaíochta, i dteannta an Dr Aaron Quigley, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD.

### Dul chun cinn go dtí seo

Tá tuairim is 70 duine ag obair le TRIL agus tá siad scaipthe amach ar fud na n-ollscoileanna rannpháirteacha go léir, Intel Ireland agus na suíomh cliniciúil amhail Clinic TRIL ag Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Athlonnaíodh Ardán Teicneolaíochta TRIL (ATT) i Saotharlann Chórais Choimpléascacha agus Oiriúnaitheachta (CASL) UCD.

I measc ghnóthachtálacha Ionad TRIL le bliain anuas tá siad seo a leanas:

- Eisíodh an chéad leagan iomlán den Ardán Taighde BioMOBIUS ar an 22 Aibreán 2008: Córas cruae-earraí in-roinnte oscailte a chuidíonn le taighdeoirí réitigh shofaisticiúla theicneolaíochta a fhorbairt go gasta don taighde bithleighis. Ghlac UCD tús áite san fhorbairt;

- Rinne an tOllamh Paddy Nixon cur i láthair ag comhdháil SPARC/CARDI i mBéal Feirste ar an 10 Meitheamh 2008;
- Thug Foireann ATT ceardlann ag an gcomhdháil IEEE EMBC08 in Vancouver, Ceanada ar an 20 Lúnasa 2008.

### Cuspóirí don todhchaí

Tá imeachtaí beartaithe – ina measc:

- Déanfaidh ATT TRIL ceardlann idirnáisiúnta BioMOBIUS a óstáil i UCD ar an 10 Meán Fómhair 2008;
- Cur i gcrích úsáidí baile TRIL, do sháithe éagsúla, lena n-áirítear snáitheanna cognaíocha agus sóisialta; arna dtiomáint ag forbairt Teicneolaíochta ATT.

## An Institiúid um Fhaisnéisíocht Bhithleighis

Cuireadh an Institiúid um Fhaisnéisíocht Bhithleighis (IBI) ar bun sa bhliain 2007 mar ardán uile-Éireann don taighde, oideachas agus fiontraíocht san fhaisnéisíocht bhithleighis. I measc na bpáirtithe a bhunaigh é, faoi cheannas UCD, tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, i dteannta Hewlett-Packard, Gaillimh. Is é an tOllamh Paddy Nixon stiúrthóir an Ionaid.

### Dul chun cinn go dtí seo

Chuir Bord Iarchéime IBI clár PhD ar bun do Scoláirí Iarchéime IBI. Díreoidh an clár ar na nithe seo a leanas: oiliúint tras-institiúideach le haghaidh scileanna cineálacha agus téamacha; socrúcháin institiúideacha agus intéirneachtaí i dtionscal.

Faoi láthair tá IBI ag tacú le dhá iarratas ar mhaoiniú d'fhonn tabhairt faoina chuspóirí, lena n-áirítear:

- Togra Thuaidh/Theas sa Bhithfhaisnéisíocht faoi cheannas Ollscoil na Banríona, Béal Feirste;
- Togra Príomhthaighdeora a chuir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi bhráid FEÉ i réimse na Forbartha ar Eagar Glycan agus Innealtóireacht na nGabhadóirí Carbaihiodráití.

Chuir IBI clár Scoláirí PhD ar bun. Faoi láthair tá sé mhac léinn PhD i mbun taighde i gcroí-réimsí IBI - Bithfhaisnéisíocht agus Faisnéisíocht Sláinte. Seo a leanas na hábhair thaighde: Modhanna iolracha a úsáid i dteannta a chéile d'fhonn géin dhaonna a thuar agus a mhacasamhlú; Bithóipsí ailse a anailísiú le cúnaimh ón ríomhaire; Anailís a dhéanamh ar shonraí casta ó thaighde anatamaíochta; Feabhas a chur ar theicnící braite ailse ag baint úsáide as radar Sár-Leathanbhanda (UWB); Measúnú a dhéanamh ar shonraí cáilíochta i dtaifid chúraim shláinte; agus Samplaí bitheolaíochta a rianú i súimh iolracha.

### Cuspóirí don todhchaí

- Seisear mac léinn PhD eile a earcú agus Clár Structhúrtha PhD de chuid IBI a chur ar bun ar bhonn foirmiúil.



## NovaUCD

Ar na mórchuspóirí straitéiseacha do UCD tá cur le cuspóirí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha shocharaí eolais na hÉireann. Is é NovaUCD, Ionad Nuála agus Aistrithe Teicneolaíochta na hollscoile, agus féachann sé leis an gcuspóir seo a bhaint amach ar na bealaí seo a leanas:

- Tráchtáil a dhéanamh ar aschuir maoin intleachtúla na hollscoile;
- Tacú le fiontraíocht agus cuideachtaí campais a fhorbairt;
- Comhpháirtíochtaí a éascú idir an ollscoil agus tionscail;
- Cultúr nuála agus fiontraíochta a chothú.

Stiúrthóir NovaUCD, an Dr Pat Frain.

I mí Mheán Fómhair 2007, ceapadh an tOllamh Mark Keane ina Leasuachtarán ar Nuáil agus seoladh móphróiseas comhairliúcháin agus abhbhreithniúcháin ar straitéis nuála UCD.

### Dul chun cinn go dtí seo

Ba mhór an chabhair a fuair foireann nuála NovaUCD nuair a d'infheistigh Fiontraíocht Éireann beagnach €3 mhilliún thar thréimhse cúig bliana san ionad ionas go bhféadfaí cur leis an líon ball foirne. Thosaigh cúigear ball foirne ag obair le NovaUCD – ina measc gairmithe aistrithe teicneolaíochta, bainisteoir conarthaí agus baill sa tacaíocht riaracháin. A bhúiochas leis an infheistíocht seo is féidir le NovaUCD cur lena thorthaí nuála a eascraíonn as an bhfairsingiú gasta ar an ioncam le haghaidh taighde i UCD le blianta beaga anuas.

Le bliain anuas, cuireadh 49 aireagán i bhfios do NovaUCD agus comhdaíodh 23 iarratas paitinne tosaíochta ar fud réimsí na n-eolaíochtaí beatha, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta faisnéise

agus cumarsáide. De bhreis air sin, comhdaíodh cúig CCP (Comhaontas Comhoibriúcháin Paitinne) agus seacht n-iarratas paitinne náisiúnta/réigiúnacha. Tá úsáid á baint as an maoin intleachtúil seo anois, mar a bhfuil ocht gcomhaontas ceadúnais sínithe le cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta éagsúla.

De bhreis air sin, ag deireadh na bliana, lonnaíodh 23 cuideachta dian-eolais, a ghlacann 90% den spás atá ar fáil san ionad cothaithe fiontar, i NovaUCD. Tá dhá chuideachta dhéag tar éis bogadh ar aghaidh anois ó NovaUCD chun spás a fhágáil do chuideachtaí nuabhunaithe eile.

I mbliana cuireadh cúrsaí ceannródaíochta sa nuáil agus sa fhiontraíocht san áireamh sa chlár struchtúrtha nua PhD, mar chuid de Chlár Scileanna Inaistrithe do Mhic Léinn Iarchéime.

## Gradam Nuála buaite ag ChangingWorlds



Is seach-chuideachta de chuid UCD é ChangingWorlds a n-úsáideann 50 gníomhaire líonra soghluaiste ar fud an domhain a teicneolaíocht – teicneolaíocht a bhfuil tionchar aici ar 'eispéreas in-úsáideachta' na milliún úsáideoir fóin ar an idirlíon soghluaiste, agus bhuaigh an chuideachta an Gradam Nuála Irish Technology Leadership Group (ITLG) / *Irish Times*.

Is eagraíocht neamhspleách ITLG, ar a bhfuil roinnt de na ceannairí ardleibhéil i Silicon Valley, a bhunaigh an gradam seo chun aitheantas a thabhairt don chuideachta Éireannach a léirigh an poitéinseal is mó i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Rangáíodh ChangingWorlds ag Uimhir 8 i Fast 50 2007 de chuid Deloitte Technology, rangú de na 50 cuideachta teicneolaíochta is gasta fáis in Éirinn.

*David Moran, POF, ChangingWorlds*

An Dr Denise Cornally agus an Dr Anna Edvardsson, Eolaithe Forbraíochta, Enzolve Technologies



Mheall na cúrsaí seo, arna bhforbairt ag NovaUCD agus Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD, breis is 40 mac léinn agus tá ról lárnach acu féidearthachtaí tráchtála a gcuid taighde a chur in iúl do mhic léinn iarchéime.

Bhain roinnt de chliantchuideachtaí NovaUCD gnóthachtálacha suntasacha amach le linn na bliana. Ba é AP EnvEcon, seach-chuideachta ó Aonad Eacnamaíochta Comhshaoil Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD, a bhuaigh Clár Forbartha Cuideachta Champais NovaUCD 2007 (CFCC).

Fuair BiancaMed £250,000 ó Invest NI in dtreo bhunú ionad T&F in Institiúid na Leictreonaice, na Cumarsáide agus na Teicneolaíochta Faisnéise in Ollscoil na Banríona, agus d'oscail Duolog Technologies oifig nua in California mar chuid dá phleananna don fhairsingiú.

Fuair Enzolve Technologies infheistíocht shuntasach ó Fhiontraíocht Éireann agus ó

infheisteoirí príobháideacha chun cuidiú leo 'NeoScreenPak' a tháirgeadh, raon nua de phacáistí diagnóiseacha chun scagthástáil a dhéanamh ar neamhoird a chuireann isteach ar leanaí nuabheirthe.

Sheol Evolution TempSheets.com, córas ar líne atá éasca a úsáid, a dearadh chun cuidiú le gníomhaireachtaí earcaíochta – gníomhaireachtaí a fhaigheann poist shealadacha do dhaoine, agus shínigh gsmExchange.com mórheart le Vodafone chun ardán gnó-go-gnó a fhorbairt a chuireann feabhas ar shásanna láimhe soghluaiste Vodafone ar fud an domhain.

Bhí HeyStaks ar cheann de na cheithre chuideachta nua atá le Ciste Nuála Gréasáin Eircom, dar luach €100,000, a roinnt agus sheol Q-Validus Spreadsheet Safe, clár nuálaíoch oiliúna agus creidiúnaithe d'fhonn cuidiú le gnóthaí na rioscaí a bhaineann le droch-dhearadh, droch-úsáid agus droch-rialú scarbhileoige a laghdú.

Mar léiriú ar cheannaireacht idirnáisiúnta NovaUCD san aistriú teicneolaíochta, ceapadh an Dr Pat Frain ina Chathaoirleach ar ProTon Europe. Is líonra Pan-Eorpach ProTon d'oifigí aistrithe eolais, de chumainn náisiúnta aistrithe eolais agus de chuideachtaí atá cleamhnaithe le hollscoileanna agus le heagraíochtaí poiblí taighde eile. Tá 250 ball-institiúid i 28 tír Eorpach sa líonra, maille le 10 gcumann chomhphárteacha náisiúnta, agus bíonn sé i dteagmháil le breis is 600 ollscoil Eorpach.

### Cuspóirí don todhchaí

An fhís atá ag NovaUCD ná bheith ina cheannaire idirnáisiúnta i dtráchtálú taighde agus gímohaíocht dian-eolais eile a rachadh chun sochair eacnamaíocht agus shochoaí na hÉireann. Nuair a chuirfear i bhfeidhm Straitéis Nuála nua UCD déanfar tuilleadh forbartha ar Pháirc Nuála Belfield a chuideoidh le breis fiontar lonnú ar an gcampas. De réir na taithe idirnáisiúnta seo an chéad chéim a gcaithfidh Éire a thógáil d'fhonn cultúr nuála a fhorbairt, agus mar a rinne sé cheana, tá sé beartaithe ag NovaUCD a bheith ina urgharda ar na forbairtí seo.

An Dr Padraic Conway, Leasuachtarán ar Chaidrimh Ollscoile UCD; An Dr Pat Frain, Director, NovaUCD; An Dr Jimmy Devins TD, An tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála agus an tOllamh Mark Keane, Leasuachtarán Nuála UCD ag freastal ar an ócáid nuair a thug an tAire Devins cuairt ar NovaUCD agus ar Institiúid Conway UCD don Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis i mí Iúil 2008

